Bord Iascaigh Mhara
Irish Sea Fisheries Board

An tionscal bia mara a fhorbairt,
pobail chósta a chothú

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2009

CLÁR ÁBHAR

An Cathaoirleach agus Bord na Stiúrthóirí	2
An Eagraíocht	3
Ráiteas an Chathaoirligh	4
Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh	6
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	20
Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird	22
Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	23
Ráiteas ar Bheartais Cuntasaíochta	24
Ioncam agus Caiteachas	26
Ráiteas ar Ghnóthachain agus ar Chaillteanais Iomlána Aitheanta	27
Clár Comhardaithe	28
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid	29
Nótaí leis na Cuntais	31
Íocaíochtaí Deontais	40

AN CATHAOIRLEACH AGUS BORD NA STIÚRTHÓIRÍ

Is iad Bord Iascaigh Mhara (BIM) gníomhaireacht Stáit na hÉireann a bhfuil freagracht orthu as tionscail Iascaireacht Mhara agus Dobharshaothraithe na hÉireann a fhorbairt.

Is é misean BIM "seirbhísí nuálaíocha tráchtála a chur ar fáil do thionscal bia mara na hÉireann a spreagann an fás, atá ar luach airgid, a chuireann iomaíochas chun feabhais agus a chruthaíonn poist i dtionscal inbhuanaithe atá bunaithe ar acmhainní nádúrtha chun leasa na bpobal cósta".

Féachann na beartais agus na cláir, a réitíonn Bord BIM, le cuspóirí an mhisin seo a bhaint amach agus leagtar amach iad laistigh de chreatlach an Phlean Forbartha Náisiúnta, beartais an AE agus acmhainní a bhfuil fáil orthu.

Rose McHugh
An Cathaoirleach

Bobby Molloy
Comhalta

Seamus Dooley
Comhalta

Ivan Coulter
Comhalta

Michael Dempsey
Comhalta

Enda Bonner
Comhalta

AN EAGRAÍOCHT

Rose McHugh
An Cathaoirleach

Jason Whooley
Príomhfheidhmeannach

Connie Kelleher
Rúnaí/Bainisteoir Airgeadais

Donal Maguire
Bainisteoir Forbartha Dobharshaothraithe

Michael Keatinge
Bainisteoir Forbartha Iascaigh

Richard McCormick
Bainisteoir Seirbhísí Muirí

Donal Buckley
Bainisteoir Forbartha Gnó agus Nuálaíochta

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Bliain dhúshlánach ba ea 2009 do BIM agus don tionscal bia mara trí chéile. Ní raibh tionscal bia mara na hÉireann slán ó na coinníollacha geilleagracha a bhí le sonrú timpeall na cruinne, ach léirigh sé raibh fonn air géilleadh dóibh agus go raibh sé de chumas aige dul san iomaíocht le méid méadaithe na dtáirgí bia mara ar fud an domhain.

Tacaíonn BIM, trína bhforbairt ar an tionscal bia mara in Éirinn, le níos mó ná 11,000 post i bpobail éagsúla chósta. Leagann an cor chun donais eacnamaíoch leanúnach agus an t-ardú sa dífhostaíocht níos mó béime ar a thábhachtaí atá earnálacha traidisiúnta, dála na hiascaireachta, agus an gá le go leor acmhainní a sholáthar d'fhonn an fhostaíocht a chosaint agus a mhéadú inár bpobail chósta.

Breis is €23.9 milliún ba ea an cúnamh deontais iomlán caipitil a d'íoc BIM in 2009, a léirigh méadú €18 milliún (44%) ar an méid a íocadh in 2008. Bhain cuid thábhachtach den chúnamh deontais seo leis an gClár Díchoimisiúnaithe. Caitheadh an íocaíocht dheireanach €15.6 milliún in 2009. Cuireadh an infheistíocht chomhfhreagrach €21 milliún i gcrích in 2008. Cuireadh €2.1 milliún san áireamh, freisin, faoin Scéim Cruatain Bhradán a riar BIM ar son an Rialtais.

Tá lúcháir orm a fheiceáil go bhfuil an tIonad Forbartha Bia Mara (SDC) nua a osclaíodh le gairid i gCloich na Coillte ag mealladh na gcustaiméirí cheana féin. Tionscnamh tábhachtach ba ea an SDC a leagadh amach sa straitéis bia mara, Slí Nua a Stiúradh, faoi threoir an Rialtais, agus tabharfaidh sé na huirlisí riachtanacha do BIM le cuidiú leis an tionscal i ngach céim dár bplean gnó ón tslí chun an mhargaidh, tástáil táirgí, pacáistiú agus brandáil nua nuálaíoch táirgí go dtí an seoladh deireanach.

Chonacthas aistriú fheidhm Margaíochta/Tionscnaimh BIM chuig an mBord Bia in 2009, freisin. Choinnigh BIM a bhfeidhm ríthábhachtach maidir le forbairt gnó agus nuálaíocht. D'fhonn aistriú réidh a chinntiú, chomhoibrigh an dá ghníomhaireacht go dlúth lena chéile agus tá siad ina bhun seo fós, leis na seirbhísí ábhartha a sholáthar don tionscal.

Lean BIM lena gclár fairsing oiliúna in 2009. Chuir 1,570 duine eile réimse leathan cúrsaí creidiúnaithe FETAC i gcrích, idir chomhrac dóiteáin, bhunoiliúint sábháilteachta agus fhorbairt gnó.

Ar son Bhord, Lucht Bainistíochta agus Bhaill Foirne BIM, ba dheas liom an deis

seo a thapú le mo bhuíochas a ghabháil leis an Aire Smith agus leis an Aire Stáit Killeen agus le hoifigigh a Roinne as ucht a dtacaíochta leanúnaí. Tá aird againn, leis, ar thacaíocht leanúnach agus ar chabhair airgeadais an Aontais Eorpaigh lena mbaineann Bearta Dobharshaothraithe agus lascaigh an NDP go príomha.

Ar deireadh, ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl don CEO, do Lucht Bainistíochta agus d'fhoireann BIM as a gcuid obair chrua le BIM a chur go sábháilte trí na coinníollacha deacra geilleagracha san am i láthair, agus sinn ag déanamh ár seacht ndícheall seirbhísí nuálaíocha tráchtála a chur ar fáil do thionscal bia mara na hÉireann.

Rose McHugh
An Cathaoirleach

TUARASCÁIL AN PRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Díreach macasamhail na n-earnálacha uile, bhuail an cúlú domhanda earnáil iascaireachta na hÉireann go holc in 2009. Go háirithe, bualadh díolacháin na speiceas ar luach ní b'airde go holc ar fad. Chuir na deacrachtaí steirling leis na laghduithe praghais seo sa mhéid gur fhan easpórtálacha ón RA an-iomaíoch inár margaí traidisiúnta.

B'ionann díolacháin iomlána mhiondíola na hÉireann i dtaobh cúrsaí trádála agus €172 milliún. Ba laghdú 6% é seo ar fhigiúr na bliana 2008. Maidir le díolacháin bhiasheirbhíse bhia mara, b'ionann an t-iomlán agus €180 milliún. Laghdú ba ea seo fosta ar fhigiúr 2008 agus léiriú ba ea é ar an staid dheacair gheilleagrach.

Laghdaíodh easpórtálacha le haghaidh 2009 faoi bheagnach 5% anuas go €315.5 milliún. Maidir le catagóirí speicis, ba í an earnáil pheiligeach an t-aon cheann a raibh fás fúithi in 2009 – tháinig méadú 3% uirthi aníos go €96 milliún. Is ionann iompórtálacha ó thríú tíortha isteach san AE agus 70% de na díolacháin bhia mara uile. Má chuirtear san áireamh go dtagann na soláthairtí seo ó bhunús ó thíortha ag a bhfuil mórbhuntáistí costais, cuireadh tuilleadh brú praghais ar phraghsanna le haghaidh soláthairtí Éireannacha. Is dóchúil go mbeidh an dá mhórthoisc seo – staid an gheilleagair i gcoitinne agus iompórtálacha – ina dtosca arís in 2010 agus go ceann i bhfad.

Níl dabht ar bith faoi ach go gcaithfimid, mar thionscal, ár dtáirgí a dhifreáil ónár gcuid iomaitheoirí d'fhonn coinneáil i mbun feidhme. Cuirfidh ár ndea-cháil i leith caighdeáin agus dualfhoinse de chumas orainn ár ndíolacháin a mhéadú agus praghsanna a mhéadú chun leasa an tslabhra uile ó iascairí go próiseálaithe, sa deireadh. D'fhonn ligean don tionscal difreáil ní b'fhearr a bhaint amach:

- Sheol BIM an chomhpháirt fhiáin den Chlár um Bia Mara Ardchaighdeáin (QSP) in 2009 agus leanfaidh siad ar aghaidh ag cur an QSP chun cinn le branda a fhorbairt le haghaidh bhia mara saothraithe agus fiáin ardchaighdeáin na hÉireann a bheidh ceannaithe trádála agus tomhaltóirí in ann a shainaithint go soiléir.

- Rinne BIM forbairt ar Chaighdeán Náisiúnta Maoirseachta lena mbaineann creidiúnú idirnáisiúnta. Ceapadh é go sonrach do spriocspeicis roghnaithe le baint dhíreach na ngrúpaí tionscail. Tá an caighdeán náisiúnta seo mar bhonn agus taca leis an lipéad QSP and nasctar é le Córas Bainistíochta Comhshaoil (EMS) BIM leis na huirlisí a thabhairt don tionscal le hardchaighdeáin cháilíochta, dualfhoinse agus cleachtais fhreagracha iascaireachta a ghnóthú.

- Chomh maith le forbairt caighdeáin náisiúnta, chuidigh BIM le comhpháirtithe an tionscail creidiúnú idirnáisiúnta a bhaint amach le haghaidh roinnt iascaigh pheiligeacha. Ghnóthaigh an Grúpa um Inbhuanaitheacht Pheiligeach na hÉireann (IPSG) san Iarthuaisceart creidiúnú na Comhairle Maoirseachta Mara (MSC) le haghaidh ronnach, dá thoradh. Tá dul chun cinn maith á dhéanamh le haghaidh grúpa dá shamhail san Iardheisceart, agus tá iascach scadán an Iardheiscirt á mheasúnú ag MSC faoi láthair.

- D'fhonn breisluach agus nuálaíocht bhreise a sholáthar san earnáil, osclaíodh Ionad Forbartha Bia Mara (SDC) BIM go hoifigiúil i mí Dheireadh Fómhair 2009. Áis ar leith é seo don tionscal cheana féin, agus tá saineolas anois acu le táirgí agus pacáistiú nua nuálaíoch a chur ar fáil a dhéanann freastal ar riachtanais na gcustaiméirí a bhíonn ag athrú agus cuireann sé luach lena ngnó. Forbairt spreagúil í seo do BIM agus don tionscal ar fad agus táimid ag dul ar aghaidh go maith maidir lenár sprioc a bhaint amach, is é sin €100 milliún breise i dtáirgí breisluacha sna cúig bliana amach romhainn.

Ag feidhmiú mar an ghníomhaireacht forbartha le haghaidh earnáil bhia mara na hÉireann, b'ionann an infheistíocht chaipitil faoi chúnamh deontais a phróiseáil BIM in 2009 agus de bhreis ar €23.9 milliún. Tugadh tacaíocht do 65 tionscadal i gcaitheamh na bliana 2009 faoi Scéimeanna Deontais BIM um Dhobharshaothrú agus Láimhsiú Iasc agus faoi Bheart Forbartha Dobharshaothraithe an Phlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006. Chuir 55 gnólacht na tionscadail seo chun cinn agus b'ionann an infheistíocht iomlán san earnáil i rith 2009 agus €8.14 milliún. Tugadh iomlán de €18.16 milliún i gcúnamh deontais (lena n-áirítear €15.6 milliún le haghaidh díchoimisiúnú cabhlaigh) le tacú le forbairt an chabhlaigh agus na n-iascach mara, mar thacaíocht d'infheistíocht iomlán €22.06 milliún.

In ainneoin na saincheisteanna atá os coinne na hearnála, tá clú agus cáil gan chron ar Éirinn as bia mara den scoth agus tá an-chumas fáis aici sa mheántéarma.

Tá BIM tiomanta do thacaíocht a thabhairt don tionscal chun na dúshláin atá roimhe faoi láthair a shárú agus leis an saineolas agus na hacmhainní a sholáthar a theastaíonn ón tionscal chun na dúshláin seo a bhualadh agus le fás a chur faoin tionscal trí chéile.

FORBAIRT IASCACH

Na príomhthorthaí:

- Tugadh faoi uasghráduithe sábháilteachta ar 144 árthach ar chostas iomlán €417,726.

- Tráthchuid deiridh 40 deontas díchoimisiúnaithe arna n-íoc ar chostas iomlán €15.6 milliún.

- Cuireadh 26 tionscadal i gcrích faoin Scéim Cúnamh Deontais um Threalamh Iascaireachta Neamhdhíobhálach don Chomhshaol agus Trealamh Monatóireachta Breosla ar chostas iomlán €374,323.

- Cuireadh 17 dtionscadal i gcrích faoin Scéim Cáilíochta ar Bord ar chostas iomlán €594,371.

- Tugadh cúnamh deontais do bheirt scipéirí óga lena gcéad árthach iascaireachta a cheannach agus cuidíodh le beirt eile le ceannach árthaí faoi choinne slatiascaireacht farraige/turasóireacht mhuirí ar chostas iomlán €245,400.

- Fuair 116 duine íocaíochtaí arbh ionann iad agus €2.1 milliún san iomlán ionann agus faoin Scéim Cruatain Bhradán.

Achoimre ar Chúnamh Deontais i leith Cabhlaigh ar Bord

Le linn 2009, soláthraíodh cúnamh deontais €1,377,461 do 179 tionscadal i leith cabhlaigh ar bord. Thacaigh sé seo le hinfheistíocht iomlán €4.7 milliún.

Faoin Scéim Cúnamh Deontais um Threalamh Iascaireachta Neamhdhíobhálach don Chomhshaol agus Trealamh Monatóireachta Breosla, fuair 26 úinéir árthaigh cúnamh deontais arbh ionann é agus €374,324 san iomlán. Baineadh leas as an gcúnamh deontais seo le cuidiú le híoc na gcostas (€1,047,455) as tráil, trealamh agus monatóirí breosla níos fearr.

Rinneadh 17 n-árthach a uasghrádú faoin Scéim Deontais Cháilíochta ar Bord

TUARASCÁIL AN PRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

a bhuíochas le cúnamh deontais €594,371. Tugadh na deontais seo le cuidiú le costas ceannaigh (€1.5 milliún) reo-aonad gabhála, inneall déanta oighir ar bord, tancanna gabhála agus feabhsúchán ginearálta caighdeáin ar bord.

Faoin Scéim um Shábháilteacht Árthaigh Iascaireachta (FIFG), íocadh cúnamh deontais €250,128 le 34 iarratasóir le cuidiú le híoc an chostais as trealamh reachtúil sábháilteachta arbh ionann é agus €625,319. Fuair 100 iarratasóir eile cúnamh deontais €103,138 le haghaidh trealamh sábháilteachta lenar bhain costas €269,053 faoin scéim 'de minimis'. Tugadh cúnamh deontais €55,500 do bheirt iascairí óga faoin Scéim Cúnamh Deontais d'Iascairí Óga. Cheannaigh an bheirt scipéirí óga seo, atá níos óige ná 35 bliain d'aois, faoi úinéireacht aonair nó faoi pháirtúinéireacht, a gcéad árthach iascaireachta agus b'ionann costas iomlán incháilithe infheistíochta an dá árthach agus €1.3 milliún.

Díchoimisiúnú

Rinneadh 40 íocaíocht aonair deontais le linn na bliana, rud a chuir deireadh le Scéim Díchoimisiúnaithe 2008 i mí Lúnasa. B'ionann na híocaíochtaí a rinneadh in 2009 agus €15,605,028. Dá bhrí sin, cuireadh cúnamh iomlán €36.6 milliún ar fáil le haghaidh díchoimisiúnú agus briseadh 46 árthach, rud a chuireann 6,913 GT agus 19,356 KW in iúl.

Scéim Cruatain Bhradán

Íocadh iomlán de 116 íocaíocht, arb ionann iad seo agus €2.085 milliún, mar chuid den Scéim Cruatain Bhradán. Tugadh an scéim isteach de bhun Thuarascáil an Ghrúpa Neamhspleách Bradán agus chinneadh an Rialtais dul i ngleic leis an gcruatan ar ann dó i measc iascairí tráchtála bradán ar a raibh tionchar ag an gcinneadh go ndéanfaí iascach bradán fiáin de réir na comhairle eolaíochta ó Bhuanchoiste Eolaíochta an Choimisiúin Náisiúnta Bradán le haghaidh 2007 agus ina dhiaidh.

Bearta Tacaíochta d'Fhorbairt Iascaigh Mhara

I ndiaidh shíneadh Chlár na mBeart Tacaíochta a fhad leis an 30 Meitheamh 2009 mar gheall ar fhochaitheamh an mhaoinithe a bhí ar fáil i réigiún an BMW, cuireadh seacht dtionscadal isteach lena gceadú i mí an Mhárta 2009, chomh maith le dhá tionscadal lenar bhain tábhacht náisiúnta i mí Aibreáin 2009 chuig an mBord Formheasta um Thionscadail Nuálaíochta agus Inbhuanaitheachta (ISPAB). Tharla sé seo i ndiaidh mheastóireacht an Choiste Formheasta Eolaíochta agus Theicniúil (STAC) agus an Choiste um Infheistíocht i gCabhlaigh (FIC). Rinneadh ISPAB na naoi dtionscadal a mheasúnú agus a fhormheas faoi choinne cúnamh deontais €1,317,629 mar thaca le hinfheistíocht iomlán €1,480,370. B'ionann na híocaíochtaí iomlána ón 1 Eanáir 2009 go deireadh an chláir agus cúnamh deontais €919,105, mar thaca le hinfheistíocht iomlán €1,087,377.

Achoimre ar Íocaíochtaí na Roinne um Fhorbairt Iascach 2009

Cineál Deontais	Uimh.	Infheistíocht Iomlán	Infheistíocht Incháilithe	Deontas an AE	Deontas BIM	Deontas Iomlán
Sábháilteacht (FIFG)	34	€625,319	€625,319	€218,862	€31,266	€250,128
Sábháilteacht (De Minimis)	100	€269,054	€268,592	€0.00	€103,138	€103,138
Caighdeán ar Bord	17	€1,487,255	€1,487,255	€520,084	€74,297	€594,381
Trealamh Iascaireachta Neamhdhíobhálach don Chomhshaol	26	€1,047,455	€1,047,255	€321,949	€52,374	€374,323
Scéim na nIascairí Óga	2	€1,305,000	€555,000	€27,750	€27,750	€55,500
Díchoimisiúnú	40	€15,605,028	€15,605,028	€11,703,771	€3,901,257	€15,605,028
Scéim Cruatain Bhradán	116	€2,084,496	€2,084,496	€0.00	€2,084,496	€2,084,496
Bearta Tacaíochta	9	€1,087,377	€1,087,377	€714,791	€204,315	€919,106
Éagsúlú Cladaigh (Árthaí Nua)	2	€474,750	€474,750	€0.00	€189,900	€189,900
Éagsúlú Cladaigh (Deontais Sábháilteachta)	10	€161,150	€161,150	€0.00	€64,460	€64,460
Iomlán	**356**	**€24,146,884**	**€23,396,222**	**€13,507,207**	**€6,733,253**	**€20,240,460**

Clár Éagsúlaithe agus Sábháilteachta Cladaigh
Cuireadh dhá árthach nua le haghaidh slatiascaireacht farraige/turasóireacht mhuirí i gcrích in 2009. Soláthraíodh cúnamh deontais €189,900 le haghaidh infheistíocht iomlán €474,750. Leis sin san áireamh, cuireadh 23 deontas d'árthaí nua ar fáil ó tugadh isteach an scéim éagsúlaithe in 2002. Íocadh cúnamh deontais €64,460 le deichniúr iarratasóirí le cuidiú le híoc an chostais as trealamh reachtúil sábháilteachta lenar bhain costas €161,150 faoi choinne árthaí turasóireachta muirí.

TEICNEOLAÍOCHT MHUIRÍ

Bearta i leith Laghdú Ábhar Muirí Aischurtha, Athbhunú Trosc agus Caomhnú Teicniúil.
Go luath i mí Feabhra, chuir an tAire Stáit Killeen bun faoi Ghrúpa Oibre agus leag sé freagracht orthu as rialacháin um iarracht athbhreithnithe agus caomhnú teicniúil (TCM) a tugadh isteach faoin gComhbheartas Iascaireachta a chur i bhfeidhm. Mar chuid dá n-obair, choimisiúnaigh an Grúpa roinnt staidéar ar thug BIM fúthu i gcomhar leis an earnáil ghabhála. Rinneadh imscrúdú ar threalamh eile iascaireachta a dearadh le gabhálacha troisc i Muir Éireann (Limistéar VIIa) agus amach ó chósta an Iarthuaiscirt agus siar ó Albain (Limistéar VIa) a laghdú. Rinneadh imscrúdú ar thionchair na méideanna nua mogaill, leis. Cuireadh sé thriail i gcrích le linn na bliana. Rinneadh tástáil ar eangacha dochta, ar phainéil chlaonta deighilteora, ar phainéil chearnógacha mhogaill agus ar thráil gan chlúdach sna hiascaigh Nephrops agus ar mhéideanna éagsúla mogaill maidir leis an áit a gcoinnítear na héisc agus ar phainéil chearnógacha mogaill i dteannta a chéile in iascaigh éisc ghil i Limistéar VIa. Rinneadh go leor plé ar thorthaí na dtástálacha seo leis an earnáil ghabhála. Bhí sé seo mar bhunús roinnt aighneachtaí agus tuarascálacha chuig an AE faoin bplean fadtéarmach um bainistiú trosc.

Córais Bainistíochta Comhshaoil (EMS)
I rith na bliana 2009, choinnigh BIM orthu ag comhoibriú go dlúth leis an earnáil ghabhála le níos mó úsáide a bhaint as na Córais Bainistíochta Comhshaoil i leith Bia Mara (SEMS) a forbraíodh le dhá bhliain anuas. Faoi dheireadh na bliana 2009, chuaigh beagnach os cionn 80 árthach isteach sa chlár. Go nuige seo, tá an cabhlach ronnach ag baint úsáid mhaith as an gcur chuige SEMS mar chuid dá spreagadh creidiúnú na Comhairle Maoirseachta Mara (MSC) a bhaint amach. Bhain árthaí éisc ghil san Iardheisceart ar bronnadh branda Fuschia orthu úsáid as fosta. Ghlac Cumann Iascairí Cladaigh Iorrais leis an gcur chuige freisin mar chuid d'fheachtas aitheantas réigiúnach a bhaint amach dá ngabháil. Le linn 2009, chuir an earnáil ghabhála tús leis an bpróiseas maidir le cur le chéile Chumann Iascairí SEMS do na hárthaí sin a bhaineann leas as cur chuige SEMS. Thug lámhleabhar SEMS a cuireadh i dtoll a chéile in 2008 faoi atriall den dara huair d'fhonn roinnt caighdeán agus cóid chleachtais a ionchorprú. Táthar faoin tuairim go fairsing anois gur cáipéis ardchaighdeáin é lámhleabhar Chórais Bainistíochta Comhshaoil i leith Bia Mara de chuid BIM. Ina theannta sin, is éasca é a chur in oiriúint d'iascach ar bith.

Bainistíocht Dramhaíola
Lean an t-ionad burlála 'dramheangach iascaireachta', a bhunaigh BIM, i mbun feidhme in 2009. Ó bunaíodh an t-ionad seo sa bhliain 2007, bhailigh sé 89 tona de dhramheangach iascaireachta níolóin agus rinne monarchana sa RA agus sa tSín 30% de seo a athchúrsáil. Cuireann sé seo laghdú mór ar an méid dramhthrealaimh iascaireachta a chuirtear chuig láithreáin líonta talún. Tugadh faoi bhreithmheas geilleagrach ar an oibríocht freisin in 2009, i dteannta measúnú ar a hinmharthanacht tráchtála. Fuarthas amach sa staidéar dá ndéanfaí athchúrsáil ar ábhair eile dhramhaíola a bhaineann le tionscal na hiascaireachta agus dá bhfritháireofaí cuid de na costais iompair go bhféadfaí an fiontar a fheidhmiú ar bhonn tráchtáil iomlán. Déanfar imscrúdú breise air seo in 2010.

Is léir go dtéann laghdú ar bith ar an méid dramheangaí a dhiúscraítear nó a chuirtear go líonadh talún chun tairbhe mhór don chomhshaol, agus tá an tionscal ag athrú a n-iompraíochta i leith diúscairt dramhaíola de réir a chéile a bhuíochas le bunú an ionaid.

FORBAIRT ACMHAINNÍ

Difreáil Bhia Mara na hÉireann
Sheol an tAire Stáit Killeen caighdeán nua éicichinntithe BIM um iascaigh fhiáine le haghaidh thionscal iascaireachta na hÉireann i mí Iúil. Is é atá sa lipéad seo síneadh an Chláir um Bia Mara Ardchaighdeáin (QSP) de chuid BIM d'fhonn iascaigh fhiáine agus gníomhartha a chuimsiú. Moladh tábhachtach ba ea seo a leagadh amach ag Grúpa Tionscnaimh Mhargadh Bhia Mara na hÉireann (ISMIG) arna bhunú ag an Aire Killeen in 2008.

Leanadh den fhorbairt ar an gCaighdeán náisiúnta um Maoirseacht Bia Mara atá mar bhonn agus taca ag an lipéad seo i ngach leibhéal laistigh den phróiseas idirnáisiúnta creidiúnaithe. Ceapadh é go sonrach do spriocspeicis roghnaithe le baint dhíreach na ngrúpaí tionscail. Ina theannta sin, chuir ballraíocht ghníomhach BIM de chuibhreannas idirnáisiúnta an Ghrúpa Faisnéise um Inbhuanaitheacht Éisc (FSIG) go díreach le foilseachán tagarmhairc a shainaithnítear go forleathan faoi lipéadú bia mara. Tríd

TUARASCÁIL AN PRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

an bhfaisnéis seo agus faisnéis ábhartha eile a chur faoi bhráid an tionscail, trí chuairteanna suímh agus trí fhorbairt scéimeanna oiriúnacha tacaíochta faoin EFF, spreagadh agus díríodh ar an bpróiseas deimhnithe a ghníomhú ina iomláine agus a sheachadadh faoin spriocdháta, in 2010.

Chomh maith le forbairt caighdeáin náisiúnta, chuidigh BIM le comhpháirtithe an tionscail creidiúnú idirnáisiúnta a bhaint amach. Ghnóthaigh an Grúpa um Inbhuanaitheacht Pheiligeach na hÉireann (IPSG) a rinne ionadaíocht d'árthaí RSW na hÉireann, ón Iarthuaisceart den chuid is mó, creidiúnú na Comhairle Maoirseachta Mara (MSC) le haghaidh ronnach an 28 Lúnasa 2009. Rinne an foras creidiúnaithe measúnú ar ghrúpa eile lenar bhain tancbhád ilfhiúsach agus árthaí ronnach gabhála tirime, ón Iardheisceart den chuid is mó, i mí Mheán Fómhair 2009 agus is cosúil go mbainfidh an grúpa seo creidiúnú amach in 2010.

An Chéad Díolphointe do Bhia Mara
Fuair bainisteoirí cáilíochta comharchumainn i réigiún an BMW (i.e. Comharchumann Iascairí an Fheabhail, Comharchumann Iascairí Cheann Chlochair agus Comharchumann Iascairí na Gaillimhe agus Árann) tacaíocht leanúnach faoi shíneadh na Scéime Caighdeáin ar an gCladach, faoi bhearta tacaíochta an NDP le haghaidh Forbairt Iascaigh Mhara. Fuair bainisteoirí cáilíochta agus baill dá gcomharchumainn tacaíocht ó thionscnaimh chomhthráthacha. Seachadadh treoirlínte praiticiúla i leith a leanas: Riachtanais Sábháilteacht Bhia d'Árthaí; Treoir Chaighdeáin agus Láimhseála do Chloicheáin; treoir thionscail maidir le measúnú ar phéist scadáin (Anisakis sp.) in éisc pheiligeacha agus treoir láimhseála do speicis pheiligeacha.

Thug Comharchumann Iascairí an Fheabhail, Comharchumann Iascairí Cheann Chlochair agus Comharchumann Iascairí na Gaillimhe agus Árann faoi thionscadal nuálaíoch forásach d'fhonn samhail gheilleagrach don Chéad Díolphointe a fhorbairt. Sholáthair siad faisnéis ionchuir le haghaidh an phróisis agus bhain siad tairbhe as cuairteanna ar an suíomh ón eacnamaí ghairmiúil, a bhí ar fáil lena aghaidh.

Luach a Chur le Táirgí Bia Mara
I gcomhar le Rannóg Forbartha Gnó agus Nuálaíochta BIM (BD1), cuireadh an measúnú ar chórais Folúsphacála (Vac Pac) le pacaí ardsonraíochta miondíola Nephrops a sholáthar ó árthaí i gcrích i mí Lúnasa 2009, i ndiaidh trialacha ar bhord an MV Maria Magdalena i nDún Mór. Rinneadh tionscadal gaolmhar a bhain úsáid as teicneolaíocht Vac Pac ar fhilléid speiceas éagsúil éisc ghil ar bhord MV Endurance i mí Dheireadh Fómhair 2009 le measúnú a dhéanamh ar chaighdeán táirgí agus ar thrialacha seilfré fhuaraithe cladaigh ar tháirgí reoite ar muir faoi choinníollacha saotharlainne.

Cuireadh tús leis na trialacha i mí Mheán Fómhair 2009 le táirgí breisluacha tuinnín cholgaigh a tháirgeadh. Rinneadh imscrúdú ar roghanna éagsúla deataithe agus miondíola lena ndáileadh sa slabhra intíre miondíola.

Clár Teicneolaíochta Iascaigh na hEorpa (EFTP)
Tionscnamh faoi thacaíocht an Choimisiúin Eorpaigh é EFTP a thugann de bhreis ar fhiche grúpa idirnáisiúnta tionscail agus taighde le chéile agus é mar chomhaidhm acu Clár Teicneolaíochta Iascaigh na hEorpa a chur ar bun. Tá tionchar fadtéarmach ag an bpróiseas seo ar fhorbairtí Eorpacha sa réimse seo agus tá sé á úsáid ón tús dá bharr. Comhaontaíodh ar shainchúram EFTP i ndara cruinniú an ghrúpa a tionóladh sa Bhruiséil an 21 Meán Fómhair 2009. Tionólfar an chéad chruinniú a bheidh dírithe ar an tionscal ag deireadh mhí Eanáir 2010.

Gníomhaíochtaí Eile
Chuaigh foireann réigiúnach agus foireann na ceannoifige i mbun grúpaí trasrannacha de chatagóirí speicis, a tionóladh le díriú ar dheiseanna forbartha speicis.

Thug foireann rannóige tacaíocht oiliúna i seachadadh Mhodúil FETAC i leith HACCP Rioscabhunaithe le haghaidh Gnólachtaí Bia Mara agus Gnólachtaí Iniúchta Bia Mara d'iascairí i gCeann Chlochair agus i mBaile Chaisleáin Bhéarra.

Éascaíodh naoi n-árthach tríd an bpróiseas um ghnóthú uimhir Formheasa a theastaíonn le haghaidh próiseáil ar bord agus le ligean d'árthaí tabhairt faoi ghníomhaíochtaí breisluacha.

Rialú um Bailiú Sonraí (DCR)
Cuireadh na dualgais náisiúnta faoin Rialú um Bailiú Sonraí, bailiú sonraí geilleagracha ón gcabhlach iascaireachta go sonrach, chun críche go rathúil in 2009. Seachadadh iarratais sonraí faoin gCreat Bailithe Sonraí den Chomhbheartas Iascaireachta, maidir le sonraí geilleagracha do 2008, chuig an AE. Leanfar ar aghaidh le rannpháirtíocht BIM i mbailiú sonraí geilleagracha ó árthaí iascaireachta Éireannacha i maoiniú an DCF idir 2011 agus 2013.

Comhairlí Comhairleacha Réigiúnacha
Macasamhail na mblianta roimhe seo, chuir BIM an rúnaíocht ar fáil don Chomhairle Chomhairleach Réigiúnach um Uiscí an Iarthuaiscirt (NWW-RAC) in 2009. Tionóladh 13 chruinniú de chuid na Comhairle le linn na bliana i roinnt láithreacha Eorpacha (Baile Átha Cliath, Béal Feirste, Páras, Maidrid, Santiago de Compostela, Aberdeen) agus tionóladh an Comhthionól Ginearálta i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair.

Amach ó na cruinnithe rialta, chomheagraigh an rúnaíocht comhdháil mhór faoi Athchóiriú an CFP i nDún Éideann, chomh maith le grúpa fócais faoi chuspóirí athchóirithe an

CFP. Cuireadh aighneacht mhionsonraithe faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh de bhun na hoibre seo.

Rinne foireann na rúnaíochta freastal ar Choiste Feidhmeannach, Inter-RAC, ar Bhord Comhairleach CFCA, agus ar Sheimineáir agus ar Cheardlanna an AE, chomh maith le cruinnithe comhordaithe leis an gCoimisiún Eorpach agus bhí ionadaíocht ón rannóg i láthair ag cruinnithe an Fheidhmeannais Pheiligigh RAC agus Grúpaí Oibre.

IASCAIGH CHLADAIGH

Iascaigh i Láithreacha Natura 2000

I ndiaidh bunú cláir um bailiú sonraí bonnlíne le haghaidh láithreacha Natura 2000 agus comhaontú le hArd-Stiúrthóireachtan Chomhshaoil i leith 'treochlár um chomhlíonadh iomlán' maidir le hAirteagal a Sé den Treoir maidir le Gnáthóga, rinneadh an-dul chun cinn in 2009. Tugadh éifeacht reachtaíochta don treochlár trí I.R. Uimh. 346 de 2009 agus bhíothas in ann tús a chur leis an bpróiseas maidir le hiascaigh a thabhairt a fhad le Measúnú Cuí (AA). I gcás iascaigh fhiáine, díríodh ar dhá cheann, mar a bhí, ruacain Chuan Dhún Dealgan agus sliogáin trach Chuan Phort Láirge. Bhí sliogáin trach Phort Láirge lasmuigh de limistéar an SAC agus scagadh amach iad as an bpróiseas dá bharr. Cuireadh plean bainistíochta bunaithe ar rátaí gabhála i bhfeidhm, áfach.

I gcás ruacain Dhún Dealgan, tugadh faoi mheasúnú ar stoc i mí an Mheithimh agus dhréachtaigh BIM Plean Iascaigh Natura (FNP) i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach Áitiúil. Bhí sé seo faoi réir Measúnú Cuí ina dhiaidh sin agus cuireadh é seo agus an Plean Iascaigh Natura amach le haghaidh sainchomhairliúchán poiblí agus rinne an Coiste Comhairleach Teicniúil um Iascaigh Chladaigh (IF-TAC) breith air ina dhiaidh sin. I ndiaidh don Aire moltaí na ngrúpaí a fhormheas, osclaíodh an t-iascach an 30 Meán Fómhair. Ar an drochuair, faoin am seo thit básmhaireacht mhór amach i measc stoc na ruacan agus in ainneoin TAC 719 tona, níor tugadh ach 108 tona faoin am a dúnadh an t-iascach an 31 Deireadh Fómhair. Beidh taithí 2009 an-luachmhar in 2010 siocair go raibh an t-amscála ródhocht in 2009 leis an iascach a fháil tríd an bpróiseas agus osclaíodh an t-iascach, a bheag nó a mhór, dhá mhí rómhall. Tá obair ar bun le tuilleadh iascaigh thábhachtacha dhébhlaoscacha a fháil tríd an bpróiseas in 2010. Is dócha nach mbeidh sé éasca é seo a dhéanamh, áfach, toisc go bhfuil cuid acu faoi réir ceadúnais dobharshaothraithe agus go bhfuil cinn eile faoi rialú Orduithe Iascaigh lena mbaineann ceadúnais thánaisteacha arna n-eisiúint ag na Boird Iascaigh.

Rinneadh tuairiscí láithreach a fhorbairt le haghaidh mhórláithreacha Natura 2000 agus bainfear úsáid astu seo le foireann chósta agus leis an tionscal a chur ar an eolas faoi gach gné de limistéir mhuirí faoi chosaint (MPAanna). Bainfear úsáid as an bhfaisnéis a bhailítear sna cáipéisí seo le faisnéis faoi ghníomhaíochtaí iascaigh agus dobharshaothraithe a chur sna nósanna imeachta i leith Measúnú Cuí. Cuireadh próisis sainchomhairliúcháin i gcrích don tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra le haghaidh suíomhanna Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPA) a bheartaítear a bhféadfaí tábhacht iascaigh bheith acu. Chuaigh tionscadail ghaolmhara i ngleic le feabhsú faisnéise agus na tuisceana ginearálta ar bheartais chomhshaoil agus ar shonraí faoi bhainistíocht iascaigh agus thug gach oifigeach réigiúnach agus cladaigh aghaidh orthu.

TUARASCÁIL AN PRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Cláir na mBád Fairtheora agus an Clár um V-eangú Gliomaigh

I ndiaidh triailchlár a chur i gcrích in 2008, glacadh go foirmiúil le Clár na mBád Fairtheora de chuid BIM d'fhonn Rialú um Bailiú Sonraí an AE le haghaidh iascach in 2009 a chomhlíonadh. Bailítear faisnéis fhíorthábhachtach faoi rátaí gabhála agus faoi fheidhmíocht gheilleagrach i leith árthaí cladaigh sa chlár seo agus chuir níos mó ná 90 árthach ó iascaigh roghnaithe tuairiscí i gcrích in 2009. Ar an gcuma chéanna, tar éis chríochnú an mhaoinithe ón gClár Náisiúnta V-eangú Gliomaigh faoin NDP (2000-2007), athsheoladh an clár faoin gClár nua Oibríochta Bia Mara. Bailítear sonraí fíorthábhachtacha sa chlár seo fosta faoi fheidhmíocht an iascaigh ghliomaigh agus soláthróidh sé eolas, i dteannta shonraí na mBád Fairtheora, don "Athbhreithniú ar Iascaigh agus Stoic Shliogéisc", a fhoilseoidh Foras na Mara agus BIM le chéile.

Rochtain ar Iascach Gliomach na hÉireann a Bhainistiú

In ainneoin deireadh próiseas fada sainchomhairliúcháin faoin tsaincheist seo in 2008 agus léiriúchán tograí athbhreithnithe bunaithe ar aiseolas a fuarthas don tionscal go luath in 2009, is beag dul chun cinn a rinneadh de dheasca coimhlintí féideartha le treochlár iascaigh Natura 2000. Cé go bhfuiltear muiníneach go ndéanfar dul chun cinn go luath in 2010 leis an mbac seo a réiteach, beidh 2011 linn sula mbeifear in ann meicníochtaí athbhreithnithe rochtana a thabhairt isteach don iascach de thoradh na saincheisteanna leanúnacha riaracháin.

FORBAIRT DOBHARSHAOTHRAITHE

Ba shrianta gníomhaíochtaí BIM i leith forbairt dobharshaothraithe in 2009 de bharr go raibh an Clár Oibriúcháin Neamh-chómhaoinithe d'Iascaigh 2007 -2013 fós ar sos. Tháinig biseach ar an scéal trí shíneadh an Chláir Oibriúcháin roimhe sin a fhad le mí an Mheithimh 2009. Thug sé seo deis chun measúnú, formheas agus forfheidhmiú a dhéanamh ar roinnt áirithe tionscadal le linn 2009.

In ainneoin an mhéid thuas, lean BIM orthu ag tairiscint seirbhísí tacaíochta forbartha d'earnáil dobharshaothraithe na hÉireann trína gcláir theicniúla, chomhshaoil agus dhearbhaithe. Thug Rannóg Forbartha Dobharshaothraithe BIM réimse seirbhísí tacaíochta don Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia le cabhair a thabhairt i roinnt réimsí tábhachtacha comhlíonta.

Forbairt Tionscadal

Tugadh tacaíocht do 65 tionscadal i gcaitheamh na bliana 2009 faoi Scéimeanna Deontais BIM um Dhobharshaothrú agus Láimhsiú Iasc agus faoi Bheart Forbartha Dobharshaothraithe an Phlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006. Chuir 55 gnólacht na tionscadail seo chun cinn agus b'ionann an infheistíocht iomlán san earnáil i rith 2009 agus €8.14 milliún. Cothóidh an infheistíocht sna tionscadail seo 291 post, cruthóidh sí 27 post breise agus ginfidh sí méadú €27.8 milliún ar luach na táirgeachta dobharshaothraithe in Éirinn, maidir le lántáirgeacht, le haghaidh easpórtála go príomha.

I dteannta naoi dtionscadal na hearnála príobháidí, chuir an NDP 2000-2006 maoiniú ar fáil fosta le haghaidh cur i bhfeidhm leanúnach Cláir Chomhshaoil agus Chaighdeáin. Cuireadh an Tionscadal seo um Chumas Iompar Bá, arna sheachadadh trí Chlár Oifigigh Réigiúnaigh, le measúnú a dhéanamh ar leibhéil inbhuanaithe um tháirgeadh sliogéisc i bhfeidhm faoi choimirce an Tionscnaimh Dhobharshaothraithe EEIG mar chuid de Chlár Forbartha Dobharshaothraithe Trasteorann.

As an 52 tionscadal dobharshaothraithe agus láimhsithe iasc ar thacaigh BIM leo, bhí síneadh agus nuachóiriú tionscadal mionscála i gceist le 27 ceann acu, díríodh ocht gcinn ar imscrúdú a dhéanamh ar indéantacht tionscadal nua agus bhain sé cinn acu le triail speiceas nua, dála péirse agus cluaise mara. Bhain na tionscadail eile le triail teicneolaíochta nua leis an tionchar a d'fhéadfadh bheith ar an gcomhshaol a laghdú, le héifeachtacht táirgthe a fheabhsú, agus sláinte agus leas éisc agus sláinte agus sábháilteacht ghairme.

Ceadú Deontas

Ceadú Deontas an NDP

Ceadaíodh naoi dtionscadal phríobháideacha agus ceithre thionscadal phoiblí i rith 2009 le haghaidh chúnamh deontais an Státchiste agus an FIFG faoin mBeart Forbartha Dobharshaothraithe den Phlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006. Cruthaíodh deiseanna do cheadú nua faoin gclár seo ó mhaoiniú arna stopadh i ndáil le tionscadail a ceadaíodh roimhe faoin NDP 2000-2006. Chomhaontaigh an Coimisiún Eorpach ar shíneadh a chur leis an dáta críochnaithe deiridh a fhad leis an 30 Meitheamh 2009 d'fhonn lánúsáid as maoiniú an FIFG a bhí ar fáil a éascú.

Ceadú Deontas BIM

Sa mhullach ar cheadú deontas an NDP thuas, formheasadh 52 tionscadal faoi Thriailscéimeanna Deontais BIM um Láimhsiú Iasc agus Forbairt Acmhainní i rith 2009.

Cuireadh srian ar gach formheas tionscadail nua i rith 2009 go tionscadail lonnaithe i limistéir taobh amuigh de limistéir Natura 2000.

Íocaíochtaí Deontais

Íocaíochtaí Deontais an NDP

Rinneadh Íocaíochtaí Deontais Dobharshaothraithe an NDP ar luach €2,975,611.73 le naoi dtionscadal phríobháideacha agus ceithre thionscadal phoiblí faoi thacaíocht an NDP; fuarthas deontais an FIFG ar luach

€2,489,445.87 mar aon le €486,165.86 i ndeontais an Státchiste. Déantar na híocaíochtaí seo a liostáil de réir tairbhí agus contae sa sceideal ar leathanach 51.

Íocaíochtaí Deontais BIM
D'íoc BIM íocaíochtaí deontais ar luach €842,522.43 le 52 tionscadal faoi na Scéimeanna Deontais um Láimhseáil Iasc agus Dobharshaothraithe.

Tá íocaíochtaí deontais €743,163.43 faoi Scéim Deontais Dobharshaothraithe BIM chomh maith le €99,359 faoi Scéim um Láimhsiú Iasc BIM liostaithe de réir tionscadail agus contae ar leathanaigh 48, 49 agus 50.

CLÁIR FORBARTHA TEICNIÚLA

Obair Theicniúil mar Thaca leis an Earnáil Diúilicíní Bunfháis
Bhí chéad séasúr thar a bheith rathúil i mbun feidhme ag an MSV "T. Burke" ag déanamh suirbhéireachta sna cóstaí thoir agus theas. Bhí sí i mbun oibríochtaí i mórán áiteanna ó Bhaile Átha Cliath chomh fada siar le Bá Thrá Lí. D'aimsigh sí beirtreacha suntasacha síol diúilicíní i Muir Éireann agus chuir sí go mór, ó thaobh na suirbhéireachta de, le hoscailt Iascach Síol Diúilicíní Loch na dTrí gCaol in 2009. Cuireadh a trealamh suirbhéireachta chun feabhais agus cuireadh trealamh breise léi, lenár áiríodh sonóir taobhscanta speisialta le haghaidh uisce éadomhain a bhí an-éifeachtach i dtaca le haimsiú síol diúilicíní.

Táthar ag súil leis go gcuirfidh sí lena réimse gníomhaíochtaí in 2010, lena n-áirítear obair shuirbhéireachta mar thaca leis an iarracht i dtaca le comhlíonadh na dTreoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga ag Rialachán na hÉireann um Cheadúnú Dobharshaothraithe agus Iascaigh Chladaigh.

Táirgeadh Péirsí
Baineadh amach roinnt éachtaí ceannródaíocha teicniúla maidir le táirgeadh péirsí in 2009. Táirgeadh 700,000 óg ó na gorlanna, in éineacht le níos mó ná 100,000 óg as séasúr. Céim mhillteanach mhór í seo i bhforbairt na hearnála siocair gurb ann anois d'fhoinse sheasta iontaofa óg le taobh fáis an ghnó a sholáthar. Cuireadh soláthairtí rialta iasc chun an mhargaidh san Eilvéis agus sa Ghearmáin. Bhí na praghsanna go maith de réir mar a rabhthas ag súil leo, dar le tuairiscí.

Obair Theicniúil mar Thaca leis an Earnáil Oisrí
Tar éis na gcaillteanas ó oisrí óga a bhí le sonrú sa Fhrainc agus in Éirinn in 2008 agus in 2009, cuireadh tús le triailobair i dtaca le próiseas chun cianshocrú na larbhaí oisre gigas a thástáil i mí Aibreáin 2009. Is riachtanach an obair seo, in éineacht le céimeanna eile atá á nglacadh, le hiarracht a dhéanamh iontaoibh mhór an tionscail Éireannaigh ar sholáthairtí síl ón bhFrainc a laghdú. D'eagraigh BIM turas teicniúil i mí an Mhárta 2009 le cleachtóirí an tionscail a thabhairt chun na Fraince leis na teicnící a fhoghlaim a bhaineann le cianshocrú na n-oisrí gigas. Leanfar den triail seo in 2010.

Thug foireann Rannóg Forbartha Dobharshaothraithe BIM faoi chigireachtaí suímh freisin le faisnéis a bhailiú le haghaidh mórstaidéar eipidéimeolaíochta atá á dhéanamh ag Foras na Mara chun iarracht a dhéanamh cúis na gcaillteanas in 2008 agus in 2009 a dhéanamh amach.

Saincheisteanna Teicniúla Ilghnéitheacha
I gcomhar le Foras na Mara agus le hÚdarás na Gaeltachta, chuir BIM Tuarascáil ar Stádas Dobharshaothraithe 2007 i gcló sa chéad ráithe de 2009. Chuir Rannóg Forbartha Dobharshaothraithe BIM dhá lámhleabhar i gcló freisin sa tsraith foilseachán Aquaculture Explained. Tugadh "An Abalone Hatchery Manual" ar an gcéad cheann. Tugadh "An Illustrated Hatchery Guide for Clawed Lobster" ar an dara ceann. Tá na tuarascálacha seo ar fáil ar shuíomh gréasáin BIM, ar dhlúthdhiosca agus i gcruachóip.

CLÁIR RÉIGIÚNACHA, COMHSHAOIL AGUS CAIGHDEÁIN

Clár Comhshaoil
Bhí foireann Rannóg Forbartha Dobharshaothraithe BIM, trí chéile, an-ghnóthach maidir le cuidiú leis an DAFF agus le Foras na Mara i gcur i bhfeidhm Treochláir um Chomhlíonadh, ar próiseas é a comhaontaíodh le hArd-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil agus le Rialtas na hÉireann ionas go gcomhlíonfaí rialachán um cheadúnú dobarshaothraithe agus iascaigh chladaigh na hÉireann na Treoracha ón AE maidir le hÉin agus Gnáthóga. Ar ról BIM bhí suirbhéireacht ar struchtúir dobharshaothraithe i gcomhar le foireann innealtóireachta an DAFF, nochtadh tuairimí i gcoistí éagsúla tábhachtacha teicniúla agus soláthar sainpháipéar agus tuarascálacha teicniúla.

Scéimeanna Dearbhaithe
Tá Scéimeanna Dearbhaithe Caighdeáin, Orgánaigh agus Éicilipéid BIM ar thús cadhnaíochta i rith an ama i dtaca le difreáil táirgí bia mara faoi fheirmeoireacht Éireannach sa mhargadh. Is iad Scéimeanna BIM um Shárbhradáin agus Diúilicíní Éireannacha, arna n-athbhreithniú in 2009, na chéad Scéimeanna Dearbhaithe a chomhlíonann reachtaíocht nua an AE i leith táirgeadh dobharshaothraithe orgánaigh ina n-iomláine.

Mar bhealach le tacú leis an tionscal dobharshaothraithe, d'oibrigh foireann dearbhaithe dobharshaothraithe BIM go dlúth le cuideachtaí bia mara faoi fheirmeoireacht aonair lena gcuid córais bhainistíochta sábháilteacht bhia a fhorbairt agus a uasghrádú ionas go gcomhlíonfaidís ceanglais reachtaíochta nua sábháilteacht bhia an AE arna rialú ag an Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara.

TUARASCÁIL AN PRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Gníomhartha Áitiúla arna nDéanamh ag Grúpaí CLAMS (Córas Áitiúil Comhtháite um Bainistíocht Dobharshaothraithe)
In 2009, b'an-ghníomhach grúpaí CLAMS thart faoin gcósta ina gcuid gníomhartha leis an dobharshaothrú a chomhcheangal lena mbánna áitiúla. Ar shamplaí dá n-obair bhí suiteáil na céadscéime, "Scéim Chaighdeánach Aontaithe Marcála" (SUMS) i nDún Garbhán d'fhonn sábháilteacht loingseoireachta a fheabhsú agus rannpháirtíocht i roinnt féilte tábhachtacha bia mara thart faoin gcósta in 2009.

AN RANNÓG FORBARTHA GNÓ AGUS NUÁLAÍOCHTA

Léargas Ginearálta ar an Margadh
B'ionann díolacháin iomlána mhiondíola na hÉireann i dtaobh cúrsaí trádála agus €172 milliún. Ba laghdú 6% é seo ar fhigiúr na bliana 2008. Maidir le biasheirbhís, b'ionann díolacháin bhia mara agus €180 milliún. Laghdú ba ea seo fosta ar fhigiúr 2008 agus léiriú ba ea é ar an staid dheacair gheilleagrach.

Laghdaíodh easpórtálacha le haghaidh 2009 faoi bheagnach 5% anuas go €315.5 milliún. Maidir le catagóirí speicis, ba í an earnáil pheiligeach an t-aon cheann a raibh fás fúithi in 2009 – tháinig méadú 3% uirthi aníos go €96 milliún. Bhí laghdú 20% agus 19% ar na hearnálacha sliogéisc agus bradán faoi seach. Ba mheasa a bualadh an earnáil iasc geal in 2009 – tháinig laghdú 23% ar an luach iomlán easpórtála anuas go €32 milliún.

Maidir leis na tíortha móra easpórtála, is iad an Fhrainc, an Spáinn agus an RA na trí cheann scríbe easpórtála is mó lena mbaineann sciartha den mhargadh 24%, 14% agus 12% faoi seach.

Ba í an RA an dara ceann scríbe ba thábhachtaí in 2008, ach tá laghdú tagtha ar líon na n-easpórtálacha ansin toisc gurbh fhearr le heaspórtálaithe cinn scríbe i limistéar an euro.

Bhí laghdú €154 milliún ar iompórtálacha bia mara in 2009, ach bhí méadú ar an méid. Cuireann sé seo neart an euro in éadan Steirling in iúl. Is í an RA an phríomhfhoinse iompórtálacha óna bhfaightear 67% de gach iompórtáil bia mara.

Forbairt Gnó agus Nuálaíocht
Tar éis aistriú na feidhme a bhain le margaíocht/tionscnaimh aimh ó BIM chuig an mBord Bia le linn mhí an Mheithimh 2009, choinnigh BIM a bhfeidhm i dtaca le forbairt gnó agus tá an rannóg seo ag teacht chun cinn níos mó le réimse seirbhísí a sholáthar san fhearann seo.

Díríonn an Rannóg Forbartha Gnó agus Nuálaíochta (BDI) ar fhás agus iomaíochas a sholáthar trí phleanáil éifeachtach gnó, trí struchtúir oiriúnacha slí chun an mhargaidh a fhorbairt agus trí nuálaíocht faoi chinnireacht an mhargaidh san earnáil bhia mara. Tá na rannáin seo a leanas sa Rannóg BDI:

- Éirim agus Taighde Gnó
- Forbairt Gnó
- Ionad Forbartha Bia Mara
- Forbairt Próiseas agus Caighdeán
- Forbairt Trádála

Éirim agus Taighde Gnó (BRI) BIM
Chomhlíon rannán Éirim agus Taighde Gnó BIM réimse fairsing tuarascálacha margaidh in 2009 a foilsíodh ar an suíomh gréasáin gnó, **www.bimb2b.com**. Anuas air sin, comhcheanglaíodh an rannán BRI le gréasán oifigí thar lear an Bhoird Bhia d'fhonn leanúint ar aghaidh leis an bhfoilsiú míosúil, 'Seafood Bulletin' . Tugtar faisnéis mhionsonraithe faoi gach príomh-mhargadh agus speicis san fhoilseachán seo agus cuirtear i ríomhphost é go díreach chuig na táirgeoirí bia mara uile in Éirinn.

Forbairt Branda
Tugadh cláir forbartha branda, lenar áiríodh eolas margaidh, dearadh branda agus litríocht chuideachta do chuideachtaí i gcatagóirí sliogéisc, éisc ghil agus salmainide. Thug sé seo deis do chuideachtaí difreáil agus dul i bhfód éifeachtach ar an margadh a chinntiú i dtaca le tráchtáil gnó le gnó agus le gnó le tomhaltóir.

Forbairt Gnó
Thug BIM an triailchlár 'Pleananna a Chruthú lena mbaineann Tábhacht' isteach in 2009 i ndeich gcuideachta cheannródacha breisluacha bia mara. Soláthraítear pleanáil gnó spriocdhírithe sa chlár le cuidiú le forbairt agus le fás a chur chun cinn. Áiríodh sa chlár, leis, ceapadh Phríomhbhainisteoirí Cuntais BIM le hoibriú go dlúth leis na cuideachtaí agus le tacú le comhghníomhaíochtaí sna croíréimsí seo a leanas: forbairt oibriúcháin; airgeadas; forbairt táirge nua; agus díolacháin agus margaíocht.

Gnóthaíodh na torthaí a leanas sa chlár:

- Díolacháin Nua – €13 milliún
- Margaí Nua a Forbraíodh – 9
- Táirgí Nua a Forbraíodh – 38
- Próisis Nua Bhia Mara – 18
- Poist Nua a Cruthaíodh – 43

Rinneadh an clár a fhairsingiú le hocht gcuideachta eile a chur san áireamh lena gcur i bhfeidhm i gcaitheamh 2010.

Le linn na bliana 2009, seoladh clár nua dar teideal, "Gnólacht Inbhuanaithe Bia Mara a Fhorbairt". Comhthionscnamh ba ea seo idir BIM agus Bord Fiontar Contae Chiarraí inar tairgeadh saineolas forleathan oiliúna agus meantóireachta d'ocht gcuideachta bia mara i gCiarraí thar thréimhse dhá mhí dhéag. Ar na cuideachtaí a cuireadh san áireamh bhí cuideachtaí agus táirgeoirí nua a raibh de mhian acu a ngnólacht a fhairsingiú go díreach le haghaidh an mhargaidh nó le haghaidh easpórtála.

Taispeántais Idirnáisiúnta Bia Mara:
Bhainistigh BIM Pailliún na hÉireann ag Taispeántas Bia Mara na hEorpa i mí Aibreáin. Ghlac 19 gcuideachta cheannródacha bia mara as Éirinn páirt ann.

Chomh maith leis sin, bhainistigh BIM seastán trádála na hÉireann ag Seó Bia Mara Bhostúin. Baineadh forbairt leanúnach díolachán amach sna hearnálacha diúilicíní, bradán orgánach agus bradán deataithe.

Ionad Forbartha Bia Mara
I rith mhí Dheireadh Fómhair 2009, d'oscail an tAire Stáit Killeen Ionad Forbartha Bia Mara (SDC) BIM i gCloich na Coillte, Contae Chorcaí. Is é an SDC an chéad áis atá tiomanta don nuálaíocht le haghaidh earnáil bhia mara na hÉireann. Soláthraíonn an áis úrscothach "tonnadóir faoi struchtúr tráchtála" le smaointe, le táirgí agus le próisis a thástáil. Féadfaidh cuideachtaí earraíocht a bhaint as deiseanna margaidh agus an cumas ratha a mhéadú a mhéid agus is féidir trí fhorbairt chomhtháite gnó agus trí straitéisí nua i leith forbairtí táirge.

Tá na háiseanna seo a leanas san SDC:

- Limistéar Próiseála le haghaidh Éisc Fhliucha
- Dhá aonad gorlainne gnó le cuideachtaí a chumasú le tabhairt faoi fhorbairtí saincheaptha
- Cistin forbartha táirgí agus limistéar léirithe táirgí
- Seomra oiliúna/comhdhála
- Seomra nuálaíochta agus coincheapa táirgí
- Saotharlann céimithe

I dteannta gníomhaíochtaí forbartha, déanfaidh BIM forbairt ar Chlár Céimithe tríd an SDC le cúnamh a thabhairt i dtaca le forbairt ghairmiúil na hearnála bia mara. Cuirfear oiliúint ar shárchéimithe i ngnó agus teicneolaíocht bia san SDC agus cuirfear iad i mbun oibre ina dhiaidh sin ar thionscadail ar leith tionscail. Is é is aidhm leis seo rochtain leanúnach a thabhairt don tionscal ar chéimithe i bpríomhréimsí na forbartha gnó agus na teicneolaíochta bia mara. Is é sprioc BIM, i gcomhairle leis an tionscal, díolacháin bhreise bhreisluacha ar luach €100 milliún a sheachadadh sna cúig bliana amach romhainn.

Ciorcal Bia Mara BIM
Cheap BIM an tionscnamh seo, an Ciorcal Bia Mara, le tacaíocht agus le spreagadh a thabhairt d'úinéirí bialainne agus do mhiondíoltóirí a chinntíonn ardchaighdeán leanúnach bia mara agus seirbhíse dá gcustaiméirí. Tá trí chatagóir sa chlár: Speisialtóir Bia Mara, Cuntar Bia Mara san Ollmhargadh agus Baill Aíochta. Bhain 155 asraon ballraíocht amach in 2009, ar méadú 17.5% é seo ar bhallraíocht 2008.

Sholáthair BIM cúrsaí forbartha foirne do phearsanra miondíola agus biasheirbhíse a dhírigh ar chaighdeán agus ar ullmhú bia mara. Bhí réimse fairsing tacaíochtaí ar tairiscint ag BIM do bhaill an Chiorcail Bhia Mara, lenar áiríodh ábhar díolphointe, nuachtlitreacha rialta, ceardlanna, meantóireacht chomh maith le suíomh sainithe gréasáin www.seafoodcircle.ie.

Oideachas agus Cur Chun Cinn
Aistríodh an cúram i leith oideachais agus cur chun cinn bia mara chuig an mBord Bia i mí an Mheithimh 2009. Roimhe seo, chuir BIM bileoga saoráideacha faisnéise do chustaiméirí le chéile faoi na tairbhí sláinte a bhaineann le hithe bia mara agus dháil siad iad freisin.

Sa mhullach air sin, rinneadh sraith bróisiúr oidis a fhorbairt le tomhaltóirí a spreagadh le triail a bhaint as na speicis bhia mara nach mbaintear an oiread sin leasa astu. Cuireadh ábhar oideachais ar fáil do mhúinteoirí iar-bhunscoile Eacnamaíocht Bhaile agus cuireadh ceardlanna do dhaltaí tríú leibhéal lónadóireachta ar fáil.

Thacaigh gníomhaíocht phreasa agus mheán leis an uile thionscnamh agus b'fheasacht mhéadaithe ar bhia mara mar rogha fholláin éasca bhéile a bhí ina thoradh air seo.

Forbairt Próiseas agus Caighdeán Táirgí
Sholáthair an rannán i leith Forbairt Próiseas agus Caighdeán sainacmhainní teicniúla, thug siad lámh chúnta do chuideachtaí bia mara seirbhísí ríthábhachtacha caighdeáin/sábháilteachta bia mara a chur ar bun chomh maith le dul i ngleic go héifeachtach le saincheisteanna comhaimseartha an tionscail trí mheantóireacht agus trí Chúrsaí HACCP Rioscabhunaithe FETAC a chur ar fáil.

Sholáthair an rannán i leith Forbairt Próiseas agus Caighdeán seirbhísí sainchomhairliúcháin, oiliúint, saineolas teicniúil agus seirbhísí faisnéise comhairlí fosta do chuideachtaí bia mara de réir mar ba ghá.

TUARASCÁIL AN PRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Bainistíocht Fuinnimh/SEAMAP
D'fhorbair BIM, i gcomhar le Fuinneamh Inmharthana Éireann (SEI), an Clár um Measúnú ar Fhuinneamh Bia Mara agus Gníomhaíocht Bainistíochta (SEAMAP) le cabhair a thabhairt do phróiseálaithe bia mara na costais a laghdú agus le héifeachtacht oibriúcháin a chothú.

Ghlac 14 chuideachta páirt sa triailchlár SEAMAP sna Cealla Beaga, Contae Dhún na nGall. Choigil na cuideachtaí seo 16% ar an meán. Ghlac ocht gcuideachta páirt sa chlár SEAMAP i mBaile Átha Cliath inar coiglíodh 21% ar an meán. B'iontach ar fad meastóireacht gach grúpa ar an gclár.

AN RANNÓG SEIRBHÍSÍ MUIRÍ

Chuir BIM cúrsa oiliúna ar fáil do 1,570 pearsanra den tionscal bia mara in 2009 ag a n-ionaid oiliúna sa Chaisleán Nua i gContae Dhún na nGall, i i mBaile Chaisleáin Bhéarra, i gContae Chorcaí agus ina nAonaid Oiliúna Chósta shoghluaiste a thug cuairt ar 32 láthair i rith na bliana. Sa mhullach air sin, eagraíodh traidhfil ceardlann faoi roinnt saincheisteanna tionscail thart faoin gcósta. Eagraíodh clár ar leith um scileanna gnó an fhiontair bhia mara agus um meantóireacht fosta.

Iascaigh agus Oiliúint Dobharshaothraithe
Chuir 43 iascaire a gcúrsaí oiliúna BIM i gcrích, rud a bhí ina mbunús le Deimhnithe Inniúlachta na Roinne Iompair (DoT) in 2009 i dtaca le hOifigeach Deice Árthach Iascaireachta. Thug 18 mac léinn eile faoi oiliúint agus bronnadh Deimhnithe Inniúlachta an DoT/FETAC orthu d'Oifigigh Innealtóireachta (Árthach Iascaireachta), Aicmí 2 agus 3 dá bharr. Sa mhullach air sin, chuir 25 iascaire a raibh an-taithí acu cúrsa um Láimhsiú Cuisneán City & Guilds i gcrích i gcomhréir le riachtanais na Roinne Iompair. Ní foláir go mbeadh an cháilíocht seo ag gach duine a bhíonn ag plé le luchtú agus le haisghabháil cuisneán ar árthaí iascaireachta.

Ghnóthaigh 51 iascaire agus oibreoir árthaigh i leith tacaíocht dobharshaothraithe Deimhniú Inniúlachta na Roinne Iompair/FETAC do Bháid Phaisinéirí a bhuíochas le hoiliúint BIM. Éascaíonn an cháilíocht seo iascairí a mbíonn de mhian acu éagsúlú ón iascaireacht chuig na hearnálacha dobharshaothraithe agus turasóireachta muirí. Chuir 51 mac léinn eile an modúl FETAC i bPróisis Innealtóireachta Muirí i gcrích. Cheap BIM an modúl seo d'aon ghnó i gcomhairle le hOifig na Suirbhéireachta Muirí de chuid na Roinne Iompair le haghaidh árthaí níos lú. Chuir 264 pearsanra iascaigh agus dobharshaothraithe a n-oiliúint i gcrích agus fuair siad Deimhnithe na Roinne Iompair i dtaca le Cumarsáid Raidió GMDSS dá thairbhe. Chuir triailghrúpa iascairí modúl FETAC i gcrích i dtaca le Cothabháil agus Deisiú Trealaimh Iascaireachta mar chúrsa calafoirt. Tá suim nua san oiliúint i dtaca le deisiú eangaí siocair gur tháinig an-laghdú ar na scileanna seo a bhíodh an-choitianta tráth dá raibh. Is ríthábhachtach arís iad maidir le costais oibriúcháin árthaí iascaireachta a laghdú.

Chláraigh ochtar mac léinn i ndeimhniú FETAC i dtaca le hlascaireacht Tráchtála i mí Mheán Fómhair 2009 faoi choinne an cháilíocht a bhaint amach an bhliain dar gcionn. Tá laghdú tagtha ar an spéis sa chúrsa le blianta beaga anuas. Cuireadh ar ceal é ar feadh tamaill dá bharr, ach is dea-chomhartha a athbhunú mar athnuachan suime i ngairm an iascaigh. Chuir 15 mac léinn cúrsa lánaimseartha creidiúnaithe FETAC i gcrích a mhair ceithre mhí i dtaca le Deimhniú Dobharshaothraithe san Ionad Réigiúnach Iascaigh i mBaile Chaisleáin Bhéarra, Contae Chorcaí. Ghlac 27 pearsanra dobharshaothraithe a raibh an-taithí acu páirt i modúil chreidiúnaithe aonair oiliúna FETAC i dTáirgeadh Iasc i nGorlann, i dteannta Oibríochtaí Fáis Iasc Eite, Sliogéisc agus Feamainne, chomh maith le Leas Iasc Saothraithe.

Sábháilteacht ar Muir
Sheol an tAire Stáit, an tUasal Tony Killeen, T.D., feachtas BIM 'Bí Sábháilte ar Muir' i mí Feabhra, arna thacú le bileoga, DVDanna sábháilteachta agus póstaer amuigh ag Taispeántas Scipéirí na hÉireann i nGaillimh agus feachtas raidió áitiúil ar fud na tíre dírithe ar phobail iascaireachta agus dobharshaothraithe. Bhí an-rath faoin bhfeachtas iomráiteach seo; chuir 649 duine Bunoiliúint Sábháilteachta i gcrích dá bharr. Ba é seo an líon ba mhó cártaí sábháilteachta a d'eisigh BIM i mbliain amháin riamh anuas ó tugadh an reachtaíocht isteach in 2002. Cuireadh níos mó feabhais ar an bhfeachtas a bhuíochas le roinnt ceardlanna sábháilteachta cósta le húsáid cheart agus cothabháil gléasanna pearsanta snámhachta a spreagadh lena chinntiú go mbíonn siad réidh faoi choinne

éigeandála ar muir. Chomh maith leis sin, sheol an tAire an chéad cheann de shraith nua lámhleabhar caighdeánaithe oiliúna dar teideal, Treoir BIM maidir le Garchabhair Bhunúsach, a cuireadh le chéile d'aon ghnó le dul i ngleic le timpistí ar árthaí iascaireachta agus tacaíochta dobharshaothraithe ag Féile Bád Adhmaid Dhún na Séad. Chuir 114 duine cúrsaí oiliúna garchabhrach i gcrích i gcaitheamh na bliana.

Sláinte agus Sábháilteacht Ghairme
Chomh maith le hoiliúint leis an tsábháilteacht ar muir a fheabhsú, tá BIM tiomanta do roinnt comhthionscnaimh shábháilteachta lena mbaineann an AE agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta. Le linn na bliana, nocht BIM tuairimí i nDréachtchód Cleachtais an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta maidir le hÁrthaí Iascaireachta faoi bhun 15 mhéadar ar fad, chomh maith le treoir neamhcheangailteach an AE maidir le sábháilteacht ar bhord árthaí iascaireachta faoi bhun 15 mhéadar ar fad. Sa mhullach air sin, ceapadh ball foirne BIM chun cathaoirleacht a dhéanamh ar Choiste Caighdeán an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann. Sprioc é caighdeáin na seaicéad tarrthála a chaitheann na maraithe uile a fheabhsú.

Oiliúint Comhrac Dóiteáin
Ina gcéad bhliain iomlán i mbun feidhme, bhí an-rath ar Aonad Comhrac Dóiteáin nua comhlíontach STCW-95 an Choláiste Náisiúnta Iascaigh; rinne 93 duine freastal ar dhianchúrsaí oiliúna dóiteáin 3 lá agus 5 lá agus d'fhoghlaim siad teicnící comhrac dóiteáin agus conas tabhairt faoi oibríochtaí tarrthála pearsanra go sábháilte faoi thine bheo fhíor-réalaíoch, an-teas agus cásanna deataigh. Is éigeantach na cúrsaí seo dóibh siúd a bhíonn i mbun staidéir faoi choinne Deimhnithe Inniúlachta na Roinne Iompair mar scipéirí, oibrithe agus innealtóirí, ach tá siad ar fáil d'iontrálaithe nua, d'oibreoirí árthaí dobharshaothraithe agus d'eolaithe muirí Éireannacha sa Chaisleán Nua mar chuid lárnach dá n-oiliúinti dtaca le sábháilteacht ar muir.

Sláinteachas Bia Mara agus HACCP
D'fhonn caighdeáin sábháilteacht bhia sa tionscal a chothabháil, chuir 46 pearsanra de thionscal an bhia mara cúrsa creidiúnaithe FETAC i gcrích i mBainistíocht Sláinteachais Bhia Mara agus chuir 51 duine eile HACCP Rioscabhunaithe FETAC i gcrích um Ghnólachtaí Bia Mara. Bhí tromlach na rannpháirtithe i mbun oibre san earnáil phróiseála bunaithe ar an gcladach, ach bhí cuid acu ó árthaí iascaireachta a bhí gafa le reo ar bord bia mara atá ina bonn cliant measartha nua faoi choinne oiliúna dá samhail.

Clár Meantóireachta um Fhiontar Inbhuanaithe Gnó Bia Mara
Thriail BIM, i gcomhar le Bord Fiontar Contae Chiarraí, tionscnamh rathúil ar leith inar thiomnaigh deichniúr príomhfhiontraithe ó thionscal an bhia mara iad féin do dhianchlár meantóireachta agus scileanna gnó a mhair deich mí dar teideal 'Fiontar Inbhuanaithe Gnó Bia Mara a Oibriú'. Is é a bhí i gceist anseo sraith ceardlann a bhí an-dírithe. Clúdaíodh na réimsí a leanas: pleanáil gnó; córais cháilíochta; treochtaí bia mara; forbairt táirge nua; pacáistiú agus straitéis bhranda; costáil táirgí; margaíocht, straitéisí tionscnaimh agus dáilte. Bhí baill foirne ó Ionad Forbartha Bia Mara BIM i gCloich na Coillte agus saineolaithe ó Rannóg Forbartha Gnó agus Nuálaíochta BIM páirteach sa chlár. Fuarthas tacaíocht ó fhoireann ghairmiúil meantóireachta gnó a bhí ag comhoibriú i gcomhar le Bord Fiontar Contae Chiarraí. B'an-dearfach go deo na torthaí don uile rannpháirtí. Thug cuid acu aghaidh ar thionscadail i leith forbairt táirge nua san SDC agus táthar ag súil leis anois go bhféadfaí clár dá samhail a mhacasamhlú le Bord Fiontar Iarthar Chorcaí in 2010.

TUARASCÁIL AN PRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Ceardlanna agus Imeachtaí Gairme

Sa bhliain 2009, ghlac 110 duine páirt i sraith ceardlanna tionscail inar clúdaíodh réimse ábhar i leith saincheisteanna faoi shábháilteacht ar muir agus faoin dobharshaothrú. Chomh maith leis sin, ghlac foireann oiliúna BIM páirt in ocht n-imeacht gairme ar fud na tíre d'fhonn suim sa tionscal bia mara a chur chun cinn agus sholáthair siad faisnéis faoi ghairmeacha sa tionscal do chomhairleoirí gairme meánscoile agus do dhaltaí araon.

OILIÚINT SA TIONSCAL BIA MHARA IN 2009

Cur Síos ar an gCúrsa	*Líon na Mac Léinn*
Deimhnithe na Roinne Iompair	
Deimhniú Iomlán Inniúlachta an DoT um Oibrithe	30
Deimhniú Teoranta Inniúlachta an DoT um Oibrithe	13
Deimhniú Inniúlachta an DoT/FETAC um Oifigigh Innealtóireachta, Aicmí 2 agus 3	18
Deimhniú Inniúlachta an DoT/FETAC um Báid Phaisinéirí	51
Cúrsa an DoT i Rialú Loingseoireachta (Iascaireacht)	17
Cúrsa an DoT i gCórais Loingseoireachta Leictreonaí (Iascaireacht)	43
Cúrsa City & Guilds i Láimhsiú Cuisneán	25
Fo-iomlán	**197**
Sábháilteacht ar Muir	
Bunoiliúint Sábháilteachta 3 Lá	649
Comhrac Dóiteáin	93
Cúrsaí Garchabhrach	114
Láimhsiú agus Oibriú Géag Chraenach agus Géag Theilgthe	11
Fo-iomlán	**867**
Cumarsáid Raidió	
Deimhniú Gearr-raoin GMDSS	190
Deimhniú Oibreora Shrianta GMDSS	1
Deimhniú Fadraoin GMDSS	21
Deimhniú Oibreora Ghinearálta GMDSS	52
Fo-iomlán	**264**
Oiliúint Scileanna Modúlacha FETAC	
Bunchúrsa FETAC in Iascaigh agus i nDobharshaothrú, Leibhéal 3	28
Deimhnithe FETAC in Iascaigh agus i nDobharshaothrú, Leibhéal 5	23
Modúl FETAC i Loingseoireacht agus Cobhsaíocht	13
Modúl FETAC i Leas Iasc Saothraithe, Táirgeadh Iasc i nGorlann agus Oibríochtaí Fáis Sliogéisc	27
Modúl FETAC i bPróisis Innealtóireachta Muirí	51
Modúl FETAC i mBainistíocht Sláinteachais Bhia Mara	44
Modúl FETAC Rioscabhunaithe HACCP i nGnólachtaí Bia Mara	51
Modúl FETAC i gCothabháil agus Deisiú Trealamh Iascaireachta	5
Fo-iomlán	**242**
Soláthar Iomlán Oiliúna in 2009	**1570**
Clár Meantóireachta um Fhiontar Inbhuanaithe Gnó Bia Mara	***10***
Ceardlanna Tionscail	
Ceardlanna Dobharshaothraithe, Cobhsaíochta agus Gléasanna Pearsanta Snámhachta	110

Gléasraí Oighir
B'ionann 14,638 tona agus an méid oighir a díoladh in 2009 i measc naoi ngléasra oighir BIM atá lonnaithe i gcalafoirt iascaireachta timpeall an chósta, lena n-áirítear na sé Ionad Calafoirt Iascaigh. Bhí sé seo cosúil le tonnáiste na bliana roimhe.

FORBAIRT CHORPARÁIDEACH

Tá Plean Soláthair Chorparáidigh á chur le chéile ag BIM san am i láthair.

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2008
Shínigh an Bord Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais do 2008 an 1 Bealtaine 2009 agus shínigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iad an 30 Meitheamh 2009. Tá fáil ar Thuarascálacha Bliantúla Clóite i mBéarla agus i nGaeilge.

Córais Faisnéise agus Straitéisí
In 2009, lean BIM orthu leis an uasghrádú agus barrfheabhsú leanúnach ar shuíomhanna gréasáin BIM, in éineacht le daingniú tacaíochta agus comhaontuithe cothabhála. Rinneadh an-iarracht tionscadail an áis nua i gCloich na Coillte a thabhairt go leibhéal éifeachtúil feidhme laistigh de ghréasán iomlán rialaithe IT BIM.

Dílárú
Cuireadh ceannoifig nua díláraithe BIM i gCloich na Coillte, Contae Chorcaí i gcrích in 2009 mar chuid de mhórionad oifige na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia. Tá na chéad bhall foirne i mbun oibre ón áis nua cheana féin. Sa mhullach air sin, osclaíodh Áis nua Forbartha Bia Mara BIM i mí Dheireadh Fómhair 2009. Cuirfidh sí tacaíochtaí nua nuálaíocha ar fáil d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide san earnáil bhia mara.

Córas Bainistíochta Feidhmíochta agus Forbartha (PMDS) agus Oiliúint Foirne
Ag éirí as an gCóras Bainistíochta Feidhmíochta agus Forbartha (PMDS), thacaigh clár oiliúna foirne BIM sa bhliain 2009 le 64 ball foirne i mbreis forbartha a n-eolais agus a scileanna poist faoi mar a shainaithnítear tríd an bpróiseas PMDS. Tugadh faoin riachtanas sainaitheanta eolais agus scileanna trí rannpháirtíocht i réimse cúrsaí aitheanta rannpháirtíochta. Thug duine amháin den 64 fostaí a ghlac páirt i mbreisoideachas agus in oiliúint faoi chlár Céime Máistir; thug duine amháin faoi chúrsa iarchéime; chuir seachtar cúrsaí Ard-Dioplóma i gcrích; bronnadh deimhnithe ar thriúr; agus chuir 52 fostaí sainchúrsaí bainistíochta agus breisoiliúna poist i gcrích.

Eagraíodh cúrsaí do ghrúpaí maidir leis na ríomhchláir MS Outlook, Excel, Access agus Powerpoint.

Fostóir comhdheiseanna is iad BIM. Tá BIM tiomanta do chomhionannas a chinntiú i ndáil le deiseanna agus féachann na cláir forbartha foirne agus pearsanra leis an gcuspóir seo a bhaint amach. Tá tiomantas BIM i ndáil le comhionannas a chinntiú le sonrú freisin ina bhfeidhm in oiliúint pearsanra don tionscal éisc farraige agus dobharshaothraithe agus deimhnítear cothroime rochtana ar oiliúint.

Sláinte agus Sábháilteacht san Ionad Oibre
Tá BIM tiomanta d'fhorálacha an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 a chur i bhfeidhm. Tá beartas scríofa leagtha amach in éineacht le Ráiteas Sábháilteachta don uile bhall foirne, mar aon le Buan-nósanna Oibre atá sainiúil ó thaobh gníomhaíochta a léiríonn na beartais riachtanacha cuí chun sábháilteacht ghairme agus sláinte gach duine a chosaint, idir fhostaithe agus chuairteoirí, a bhíonn i bhfoirgnimh BIM. Déantar nuashonrú leanúnach ar an Ráiteas.

Rochtain Chomhtháite ar Sheirbhísí
Cinnteoidh BIM go mbeidh rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar na seirbhísí a chuireann siad ar fáil don phobal i gcoitinne sa chás gur indéanta agus gur cuí dó seo faoi mar atá leagtha amach san Acht um Míchumas 2005. Tá BIM tiomanta do chur i bhfeidhm Cóid Chleachtais a foilsíodh in 2006 maidir le Rochtain ar Fhaisnéis agus Sheirbhísí Poiblí a chuireann Comhlachtaí Poiblí ar fáil. Cloíonn BIM lenár n-oibleagáidí faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise agus chuathas i ngleic le fiosrúchán amháin in 2009.

Jason Whooley
Príomhfheidhmeannach

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Bhord Iascaigh Mhara don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2009 faoi Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is éard a chuimsítear sna ráitis airgeadais, a cuireadh i dtoll a chéile de réir na mbeartas cuntasaíochta dá dtagraítear, Ráiteas ar Bheartais Cuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas ar Ghnóthachain agus ar Chaillteanais Iomlána Aitheanta, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí lena mbaineann.

FREAGRACHTAÍ AN BHOIRD AGUS AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE FAOI SEACH

Tá Bord Iascaigh Mhara freagrach as na ráitis airgeadais a chur i dtoll a chéile de réir an Achta Iascaigh Mhara, 1952, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Cuireann siad na ráitis airgeadais i dtoll a chéile de réir Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Ginearálta leis in Éirinn. Leagtar freagrachtaí cuntasaíochta Bhaill an Bhoird amach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird.

Táimse freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir na gceanglas cuí rialaithe agus dlíthiúil agus na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an RA agus Éire).

Tugaim mo thuairim i dtuairisc maidir le cibé acu an dtugann nó nach dtugann na ráitis airgeadais léiriú fíor agus cothrom, de réir Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Ginearálta leis in Éirinn. Tuairiscím chomh maith cibé acu, i mo thuairim, an bhfuil nó nach bhfuil leabhair chuntais chuí á gcoimeád. Sa bhreis air sin, sonraím cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ar aon dul leis na leabhair chuntais.

Tugaim tuairisc do na húdaráis rialaithe d'aon chás ábhartha inar caitheadh airgead ar fheidhmeanna eile seachas na feidhmeanna beartaithe nó d'aon chás nach bhfuil idirbhearta i gcomhréir leis na cuntais.

Ina theannta sin, déanaim tuairisc ar chásanna nach raibh fáil agam ar an bhfaisnéis agus ar na míniúcháin uile a theastaigh ó chuspóirí m'iniúchta.

Déanaim athbhreithniú ar cibé acu an léiríonn nó nach léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais comhlíonadh an Bhoird an Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit agus déanaim tuairisc ar aon chás ábhartha nach gcomhlíontar an Cód seo, nó más ann d'fhaisnéis mhíthreorach nó d'fhaisnéis atá neamhréireach le faisnéis eile a thug mé faoi deara le linn m'iniúchta ar na ráitis airgeadais. Níl orm breithniú a dhéanamh ar cibé acu an gcuimsíonn nó nach gcuimsíonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais na rioscaí agus an rialú uile airgeadais, ná le tuairim a bheith agam ar éifeachtúlacht na nósanna imeachta rialaithe agus rioscaí.

Léim faisnéis eile a chuimsítear sa Tuarascáil Bhliantúil, agus déanaim breithniú ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil sé comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais a ndearnadh iniúchadh orthu. Déanaim breithniú ar na himpleachtaí a bheadh i ndán do mo thuarascáil dá mbeinn eolach ar aon mhí-ráiteas léir nó ar aon neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais.

BONN NA TUAIRIME INIÚCHTA

I bhfeidhmiú na feidhme atá agam mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus oibríocht. Is éard a chuimsítear in iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna, le nochtadh agus le rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá cuimsithe sna ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé chomh maith measúnú ar na meastacháin agus breithiúnais shuntasacha atá déanta in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na beartais cuntasaíochta iomchuí d'imthosca an Bhoird, curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus nochta go leormhaith.

Phleanáil agus thug mé faoi m'iniúchadh d'fhonn an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a shíl mé a bhí riachtanach chun dóthain fianaise a chruthú le cinntiú nach ann do mhí-ráiteas ábhartha, bíodh calaois nó neamhrialtacht nó earráid eile ina mbonn leis, sna ráitis airgeadais. Agus mo thuairim á déanamh agam, rinne mé measúnú ar leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.

TUAIRIM

Is í mo thuairim í, go dtugann na ráitis airgeadais léiriú fíor agus cothrom, de réir Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Ginearálta leis in Éirinn, ar staid ghnóthaí an Bhoird amhail an 31 Nollaig 2009 agus ar a n-ioncam agus a gcaiteachas don bhliain a chríochnaigh an tráth céanna.

Is í mo thuairim í, gur choimeád an Bord leabhair chuí chuntais. Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair chuntais.

John Buckley
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
An 10 Meitheamh 2010

RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ AN BHOIRD

Ceanglaítear ar an mBord, faoi Alt 9(1) den chéad sceideal leis an Acht Iascaigh Mhara, 1952, ráitis airgeadais a chur i dtoll a chéile i gcibé foirm a cheadóidh an tAire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia agus le comhthoiliú an Aire Airgeadais. Ceanglaítear ar an mBord na nithe seo a leanas agus na ráitis airgeadais á gcur i dtoll a chéile:

- beartais chuí cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ina dhiaidh sin.
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama.
- ráitis airgeadais a chur le chéile ar bhonn gnóthas leantach mura bhfuil sé mí-oiriúnach talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh Bord Iascaigh Mhara orthu i mbun feidhme.
- aon imeacht ábhartha ó chaighdeáin infheidhme chuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuí chuntais a choimeád a nochtann le beachtas réasúnta ag tráth ar bith staid airgeadais Bhord Iascaigh Mhara agus a chabhraíonn leo cinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais leis na ceanglais reachtúla. I dteannta an mhéid sin, tá an Bord freagrach as sócmhainní Bhord Iascaigh Mhara a chosaint agus as céimeanna réasúnta a chur díobh le calaois, mar aon le mírialtachtaí eile, a chosc agus a aimsiú.

Rose McHugh
An Cathaoirleach

Seamus Dooley
Comhalta

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Tuigeann Baill an Bhoird go bhfuil siad freagrach as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais agus as athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtúlacht. Tá córas um rialú inmheánach airgeadais den saghas sin in ainm na rioscaí gnó a bhainistiú in ionad iad a dhíbirt agus ní féidir leis ach cinntiú réasúnta seachas iomlán a thabhairt i leith míráiteas nó caillteanas ábhartha. Seo a leanas iad na príomhnósanna imeachta arna mbunú ag Baill an Bhoird d'fhonn féachaint le córas um rialú inmheánach éifeachtach airgeadais a chur ar fáil:

- Béim léir ar chuspóirí gnó faoi mar a chinneann an Bord i bhfianaise na gceanglas reachtúil.
- Struchtúr sainithe eagraíochta ina bhfuil freagrachtaí leagtha amach go soiléir, tarmligean údaráis agus deighilt idir dualgais a fhéachann le timpeallacht chuí rialaithe a chruthú.
- Próiseas um bainistíocht rioscaí a dhéanann breithniú ar phleananna straitéiseacha agus gnó i gcomhthéacs phróiseas an bhuiséid bhliantúil tráth a leagtar amach agus a dhéantar athbhreithniú ar phleananna agus ar spriocanna airgeadais ag an mBord i bhfianaise na spriocanna cinntithe.
- Córas tuairiscithe agus rialaithe lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanann an Bord ar an mbuiséad bliantúil chomh maith le hathbhreithniú rialta a dhéanamh ar na torthaí féin i leith an bhuiséid.
- Nósanna imeachta rialaithe – tá lámhleabhair um nósanna imeachta cuimsitheacha á gcoimeád ag an mBord ó thaobh a bpríomhghníomhaíochtaí. Is ann do theorainneacha agus do nósanna imeachta, go háirithe, atá sainmhínithe go soiléir do chaiteachas airgeadais, lena n-áirítear soláthar agus caiteachas caipitil.
- Déanann feidhm an iniúchta inmheánaigh monatóireacht ar chomhlíonadh córas monatóireachta le nósanna imeachta rialaithe a fheidhmíonn de réir na creatlaí um chur i bhfeidhm dea-chleachtais, faoi mar a leagtar amach sa Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit 2009. Tugtar eolas i dtaobh obair an iniúchta inmheánaigh trí anailís ar an riosca a bhfuil BIM nochta dó. Fuair an Coiste Iniúchta an tuarascáil ar iniúchadh inmheánach do 2009, lenar áiríodh tuairim an Iniúchóra Inmheánaigh faoi fhiúntas agus éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais. Cuireadh é seo faoi bhráid an Bhoird. Chomh maith le hiniúchadh inmheánach agus córais monatóireachta, bíonn iniúchóirí seachtracha i mbun obair iniúchta gach bliain ar na bearta éagsúla cúnamh deontais faoi mar a cheanglaítear faoi reachtaíocht rialaithe na mBeart ón AE. D'fhormheas an Bord plean iniúchta inmheánaigh trí bliana faoi choinne na tréimhse idir 2009 agus 2012 i mí na Nollag 2009.
- Sa bhliain 2009, chomhaontaigh an Bord ar théarmaí tagartha an Fhochoiste Iniúchta, a bhunaigh an Bord in 2009 nach bhfuil air ach Baill Neamhfheidhmiúcháin den Bhord agus a bhfuil Ball den Bhord ina c(h)athaoirleach air in ionad Chathaoirleach an Phríomhbhoird. Braitheann monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais ar thuarascálacha a chuireann an lucht bainistíochta faoi bhráid an Choiste Iniúchta, agus na hiniúchóirí seachtracha a thugann faoin obair iniúchta inmheánaigh in BIM faoi mar a shonraítear thuas, mar aon le ráitis a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile. Sa mhullach air sin, choimisiúnaigh an Bord, faoi mar a iarradh, athbhreithnithe neamhspleácha ar shainchórais um rialú inmheánach airgeadais san eagraíocht.

Deimhnímid gur thug an Bord faoi athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2009.

Rose McHugh
An Cathaoirleach

Seamus Dooley
Comhalta

RÁITEAS AR BHEARTAIS CUNTASAÍOCHTA

Cuntais don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2009

AN tACHT IASCAIGH MHARA, 1952 AGUS AN tACHT IASCAIGH MHARA (LEASÚ), 1964
Bhí an tAcht Iascaigh Mhara, 1952 ina bhonn le Bord Iascaigh Mhara. Is iad BIM an Ghníomhaireacht Stáit atá freagrach go príomha as forbairt inbhuanaithe thionscail iasc farraige na hÉireann ar tonn agus ar tír, agus as éagsúlú gheilleagar an chósta.

LEAGAN AMACH NA gCUNTAS
Is iad seo a leanas bonn na cuntasaíochta agus na mórbheartas arna nglacadh ag an mBord:

a) Bonn na gCuntas
Cuirtear na ráitis airgeadais le chéile de réir an mhodha fabhraithe cuntasaíochta, seachas mar a léirítear thíos, agus de réir prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Glactar le Caighdeáin um Thuairisciú Airgeadais a mholann na comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta agus iad ina gcaighdeáin infheidhme.

b) Cistí Státchiste
Tugtar cuntas ar na deontais reatha agus chaipitil, lena n-áirítear Scéim Dobharshaothraithe NDP ar bhonn airgid. Tugtar cuntas ar dheontais a fuarthas faoi Vóta 30 um Scéim Cruatain Bhradán (faoi Fhotheideal F.2.) ar bhonn fabhraithe.

c) Cistí Eorpacha
Cúitíonn an AE na costais i riaráiste. Tugtar aitheantas do chúnamh dá shamhail ar bhonn infhála.

d) Ioncam Iarchurtha
Is é atá in ioncam iarchurtha maoiniú ón Eoraip agus maoiniú ón Scéim Cruatain Bhradán a iarchuireadh ar feitheamh caiteachais um sheachadadh seirbhísí.

e) Scéimeanna Deontais
Déantar íocaíochtaí a dhéantar faoi na scéimeanna éagsúla deontais atá á bhfeidhmiú ag an mBord a chur i gcuntas ar bhonn airgid. Déantar ceangaltais a eascraíonn de bhun ceaduithe faoi na Scéimeanna éagsúla Deontais atá á bhfeidhmiú ag an mBord a léiriú i Nóta 15.

f) Drochfhiacha
Tugtar foráil le hiasachtaí agus fiacha a bhfuiltear in amhras faoina n-íocaíocht agus déantar é seo a bhaint d'aon chaillteanas a bhfuil coinne leis de bhun ráthaíochtaí. Glantar drochfhiacha sa bhliain ina ndéantar deireadh a chur le comhaontú na hiasachta atá i gceist.

g) Stoic
Déantar stoic a shonrú de réir an luacha inréadaithe nó de réir an chostais níos ísle.

h) Sócmhainní Seasta agus Dímheas
Déantar dímheas a ríomh de réir méid chothroim. Is iad seo a leanas na rátaí a úsáidtear le haghaidh na bpríomhchatagóirí:

Talamh agus Áitribh

Talamh	Nialas
Áitribh:	- Stáisiúin Loingseoireachta – Bunúil 2%
	- Stáisiúin Loingseoireachta – Breiseanna 10%
	- Áitribh Eile 10%

Gléasra agus Innealra
- Trealamh Oiliúna le maoiniú ESF 16.6%
- Gléasra agus Innealra Eile 10%
- Trealamh Teicniúil 20%

Gléasanna agus Trealamh

- Gléasanna Iascaireachta 50%
- Árthaí 10%
- Trealamh Oifige agus Mótarfheithiclí 20%
- Trealamh Ríomhaire 33.3%

i) Cúlchistí Caipitil

Is éard atá sna Cúlchistí Caipitil an luach gan amúchadh atá ar na deontais chaipitil a úsáidtear le sócmhainní seasta a mhaoiniú in éineacht le suim iarmharach an úis arna caipitliú faoi shocruithe athstruchtúraithe iasachta i mblianta roimhe seo. Déantar sócmhainní gléasraí oighir a mhaoiniú ag meascán de dheontais chaipitil Státchiste agus ag airleacain inaisíoctha.

j) Airgeadraí Iasachta

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid in airgeadraí iasachta ar rialachán na rátaí malairte ar dháta an Chláir Chomhardaithe. Aistrítear ioncam agus costais ag rialachán na rátaí malairte ar dháta na n-idirbheart atá i gceist.

Déileáiltear le brabúis agus le caillteanais a eascraíonn as idirbhearta in airgeadraí iasachtacha agus as socraíocht na suimeanna infhaighte agus iníoctha sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

k) Pinsin

Tá scéimeanna pinsin le sochar sainithe ar bun ag Bord Iascaigh Mhara a ndéantar maoiniú orthu go bliantúil ar bhonn íoctar mar a úsáidtear ó airgead a bhfuil fáil acu air a thugann an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia agus ó airgead ó ranníocaíochtaí a aisbhaintear ó thuarastail ball foirne.

Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin a thuilleann fostaithe sa tréimhse agus sonraítear iad de réir ranníocaíochtaí pinsin na mball foirne a choimeádann BIM. Sonraítear suim arb ionann í agus an táille ar phinsean mar ioncam sa mhéid agus go bhfuil sé inghnóthaithe, agus cúitithe ag deontais a fhaightear i rith na bliana le híocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.

Léirítear na gnóthachain nó na caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais na scéime sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus ar Chaillteanais Iomlána Aitheanta agus tá aird ar athrú comhfhreagrach sa tsuim inghnóthaithe ón Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia.

Áirítear leis na dliteanais phinsin, luach láithreach na n-íocaíochtaí pinsin todhchaí a shaothraigh an fhoireann go dtí seo. Is é atá i gceist le maoiniú pinsin iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach a ghnóthófar amach anseo ón Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia.

AN CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

Don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2009

	Nótaí	2009	2008
		€	€
Ioncam			
Deontais an Oireachtais	1	**39,992,108**	60,506,598
Glanmhaoiniú Iarchurtha do Phinsin	20 (c)	**2,612,539**	2,532,299
Glanaistriú ó/(chuig) an gCúlchiste	2	**81,361**	2,180,045
		42,686,008	65,218,942
Deontais an AE	3	**384,127**	778,290
Láimhdeachas na nGléasraí Oighir	4	**936,682**	852,793
Ioncam Eile	5	**1,157,173**	1,840,674
		45,163,990	68,690,699
Caiteachas			
Forbairt Caipitil Tionscail	6	**23,959,384**	42,408,209
Forbairt Reatha Tionscail	7(a)	**12,261,592**	14,173,866
Riarachán Reatha Tionscail	7(b)	**4,122,947**	4,597,062
Dímheas a Gearradh i Rith na Bliana	7(b)	**1,961,912**	3,383,157
Costais Phinsin	20(a)	**4,013,528**	3,984,922
Caiteachas Eile	8	**187,572**	96,893
Caiteachas ar Ghléasraí Oighir	4	**962,428**	1,060,965
		47,469,363	69,705,074
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain		**(2,305,373)**	(1,014,375)
CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS			
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		**2,682,590**	3,696,965
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain		**(2,305,373)**	(1,014,375)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig		**377,217**	2,682,590

Baineann an uile ioncam agus caiteachas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2009 le gníomhaíochtaí leantacha.
(Tá na Beartais Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 23 mar chuid de na Ráitis Airgeadais.)

Rose McHugh
An Cathaoirleach

Seamus Dooley
Comhalta

Jason Whooley
Príomhfheidhmeannach

RÁITEAS AR GHNÓTHACHAIN AGUS AR CHAILLTEANAIS IOMLÁNA AITHEANTA Don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2009

	Nótaí	**2009**	2008
		€	€
(Easnamh) / Barrachas don bhliain		**(2,305,373)**	(1,014,375)
Gnóthachan/(Caillteanas) achtúireach ar Dhliteanais Phinsin	20(d)	**4,200,000**	732,000
Athruithe ar thoimhdí atá ina mbonn le luach reatha dhliteanais na scéime pinsin		**-**	-
Coigeartú ar Mhaoiniú Pinsin Iarchurtha		**(4,200,000)**	(732,000)
Gnóthachain agus (Caillteanais) Aitheanta Iomlána don Bhliain		**(2,305,373)**	(1,014,375)

Baineann an uile ioncam agus caiteachas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2009 le gníomhaíochtaí leantacha.
(Tá na Beartais Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 23 mar chuid de na Ráitis Airgeadais.)

Rose McHugh
An Cathaoirleach

Seamus Dooley
Comhalta

Jason Whooley
Príomhfheidhmeannach

CLÁR COMHARDAITHE

Amhail an 31 Nollag 2009

	Nótaí	2009 €	2008 €
SÓCMHAINNÍ			
Sócmhainní Seasta			
Inláimhsithe	9	**3,009,673**	3,551,709
Airgeadas – Iasachtaí Téarma	10	**6,666**	6,666
		3,016,339	3,558,375
Sócmhainní Reatha			
Féichiúnaithe	11	**371,225**	709,564
Stoic		**8,060**	10,981
Airgead sa bhanc agus ar láimh		**1,883,525**	5,341,872
		2,262,810	6,062,417
Lúide Dliteanais Reatha			
Creidiúnaithe agus Táillí Fabhraithe	12	**(1,892,259)**	(2,799,093)
Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais roimh Phinsean		**3,386,890**	6,821,699
Maoiniú Pinsin Iarchurtha	20(c)	**56,500,000**	51,200,000
Dliteanais Phinsin	20(d)	**(56,500,000)**	(51,200,000)
Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha		**3,386,890**	6,821,699
Maoinithe ag			
Cúlchistí Caipitil	2	**3,009,673**	3,091,034
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		**377,217**	2,682,590
Airleacain an Státchiste	13	**-**	1,048,075
		3,386,890	6,821,699

(Tá na Beartais Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 23 mar chuid de na Ráitis Airgeadais.)

Rose McHugh
An Cathaoirleach

Seamus Dooley
Comhalta

Jason Whooley
Príomhfheidhmeannach

RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID

Don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2009

Réiteach Iarmhéid sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais go Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin/Forbartha

		2009		2008
	€	€	€	€
Barrachas (Easnamh) sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais		**(2,305,373)**		(1,014,375)
Ús Bainc		**(120,774)**		(319,158)
Ús Iasachta a Fuarthas		**-**		(107,003)
Glanaistriú go Cúlchiste Caipitil		**(81,361)**		(2,180,044)
Dímheas muirearaithe ar Ioncam agus Caiteachas		**1,961,912**		3,383,157
Brabús as díol sócmhainní seasta		**(122,308)**		(20)
(Méadú)/Laghdú ar Stoic		**2,921**		(1,011)
Laghdú/(Méadú) ar Fhéichiúnaithe:				
- Féichiúnaithe Iasachta	**800**		307,354	
- Soláthar Féichiúnaithe	**103,161**		-	
- Féichiúnaithe Eile	**234,378**	**338,339**	(211,658)	95,696
Méadú/(Laghdú) ar Chreidiúnaithe		**(906,834)**		(142,872)
Ús Iarchurtha Aistrithe (chuig)/ó Chuntas Ioncaim agus Caiteachais		**-**		(92,248)
Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin/Forbartha		**(1,233,478)**		(377,878)

Rose McHugh
An Cathaoirleach

Seamus Dooley
Comhalta

Jason Whooley
Príomhfheidhmeannach

RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID

Don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2009

		2009		2008
	€	€	€	€
GLAN-INSREABHADH/(EIS-SREABHADH) AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN/FORBARTHA		**(1,233,478)**		(377,878)
CAITEACHAS CAIPITIL				
Íocaíochtaí le sócmhainní seasta a ghnóthú	**(1,441,809)**		(1,032,509)	
Fáltas ó dhíol sócmhainní	**144,242**		20	
TORADH INFHEISTÍOCHTAÍ AGUS FÓNAMH A DHÉANAMH AR AIRGEADAS				
Glan-aisíocaíochtaí iasachta ag iascairí	**-**		-	
Ús a gearradh ar iasachtaí báid	**-**		107,003	
Ús Bainc a Fuarthas	**120,774**		319,158	
GLAN (EIS-SREABHADH) AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ INFHEISTÍOCHTA		**(1,176,793)**		(606,328)
GLAN (EIS-SREABHADH)/INSREABHADH AIRGID ROIMH MHAOINIÚ		**(2,410,271)**		(984,206)
MAOINIÚ				
Airleacain an Státchiste a fuarthas	**-**		-	
Airleacain an Státchiste a íocadh	**(1,048,076)**		(308,388)	
GLAN (EIS-SREABHADH) AIRGID Ó MHAOINIÚ		**(1,048,076)**		(308,388)
MÉADÚ/(LAGHDÚ) AR AIRGEAD		**(3,458,347)**		(1,292,549)
RÉITEACH GLAN-INSREAFA AIRGID GO GLUAISEACHT I nGLANCHISTÍ				
Méadú/(Laghdú) ar airgead don bhliain		**(3,458,347)**		(1,292,549)
Glanchistí amhail an 1 Eanáir		**5,341,872**		6,634,466
GLANCHISTÍ AMHAIL AN 31 NOLLAIG		**1,883,525**		5,341,872

(Tá na Beartais Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 23 mar chuid de na Ráitis Airgeadais.)

Rose McHugh
An Cathaoirleach

Seamus Dooley
Comhalta

Jason Whooley
Príomhfheidhmeannach

NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS

Cuntais don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2009

1. Deontais an Oireachtais	2009	2008
	€	€
Forbairt Reatha	**14,821,000**	18,986,000
Forbairt Caipitil	**20,111,000**	29,392,000
Scéim Cruatain Bhradán	**2,084,496**	10,162,701
Scéim Dobharshaothraithe NDP	**2,975,612**	1,965,897
	39,992,108	60,506,598

2. Cúlchistí Caipitil		2009		2008
	€	€	€	€
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		**3,091,034**		5,363,326
Aistriú chuig/(ó) Chuntas Ioncaim agus Caiteachas;				
Suim amúchta sa bhliain	**(1,961,911)**		(3,383,157)	
Maoiniú a úsáideadh le Sócmhainní Seasta a cheannach	**1,441,809**		1,032,509	
Maoiniú a úsáideadh le hAirleacain an Státchiste a aisíoc	**460,675**		170,604	
	(59,427)		(2,180,044)	
Méideanna a scaoileadh ar dhiúscairt sócmhainní	**(21,934)**		-	
Glanaistriú chuig/(ó) Chuntas Ioncaim agus Caiteachais;		**(81,361)**		(2,180,044)
Ús Iarchurtha Aitheanta		**-**		(92,248)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig		**3,009,673**		3,091,034

3. Deontais an AE	2009	2008
	€	€
Deontais a Fuarthas:		
E-Aqua an AE	**2,408**	-
Tionscadal Gorlann Inmharthana an AE	**219,724**	191,972
Tionscadal Deepclean an AE	**111,957**	557,223
Tionscadal Marcála Trealaimh an AE	**50,038**	29,095
Tionscadal Necessity an AE	**-**	-
	384,127	778,290
Deontais a Fuarthas:		
Úsáidte le Tionscadail E-Aqua agus Deep Blue a mhaoiniú	**2,408**	-
Úsáidte le Tionscadal Gorlann Inmharthana an AE a mhaoiniú	**219,724**	191,972
Úsáidte le Tionscadal Deepclean a mhaoiniú	**111,957**	557,223
Úsáidte le Tionscadal Marcála Trealaimh an AE a mhaoiniú	**50,038**	29,095
Úsáidte le Clár Necessity a mhaoiniú	**-**	-
	384,127	778,290

NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS

Cuntais don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2009

4. Ba iad seo a leanas na torthaí maidir le hOibriú Soláthair Oighir	**2009**	2008
	€	€
Láimhdeachas	**936,682**	852,793
Lúide: Pánna	**(457,660)**	(456,197)
Costais Oibriúcháin	**(400,065)**	(463,056)
Costais Riaracháin	**(91,803)**	(119,218)
Muirir Úis	**(12,900)**	(22,494)
Caiteachas Iomlán ar Ghléasraí Oighir	**(962,428)**	(1,060,965)
Barrachas/(Easnamh) ar Oibríochtaí	**(25,746)**	(208,172)

5. Ioncam Eile	**2009**	2008
	€	€
Ús a gearradh ar Iasachtaí	**-**	107,003
Ús Bainc	**120,774**	319,158
Ioncam Riaracháin/Cíos Isteach	**367,813**	302,458
Tuarascálacha Geilleagracha	**-**	8,000
Ioncam ó Iascaigh	**230,504**	264,394
Ioncam ó Sheó Trádála	**20,957**	374,283
Ioncam ó Oiliúint	**294,817**	305,216
Ciste Cothromais Bheanntraí	**-**	160,142
Brabús as díol sócmhainní	**122,308**	20
	1,157,173	1,840,674

6. Forbairt Caipitil Tionscail, lena n-áirítear deontais	**2009**	2008
	€	€
Iascaigh Mhara	**2,451,726**	6,566,800
Díchoimisiúnú Iascach Mara	**15,605,028**	20,999,999
Scéim Cruatain Bhradán	**2,084,496**	10,162,701
Dobharshaothrú	**3,718,775**	3,310,558
Láimhsiú Iasc	**99,359**	38,329
Clár Infheistíochta Margaíochta	**-**	1,329,822
	23,959,384	42,408,209

NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS

Cuntais don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2009

7. An Tionscal i Láthair na hUaire	2009 €	2008 €
(a) Forbairt		
Iascaigh Mhara	**2,813,644**	2,424,852
